# Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic sa Bhunscoil: Páipéar Comhairliúcháin

NCCA

Samhain 2015

# Clár

Intreoir 5

Réasúnaíocht, Fís agus Aidhmeanna don ORC agus Eitic Réasúnaíocht 9

Fís 10

Aidhmeanna 12

Tréithe Curaclaim 20

1. Tá ORC agus Eitic comhlántach ach fós éagsúil lena chéile 20

2. Tá ORC agus Eitic iolrach ó nádúr 21

3. Beidh meas in ORC agus in Eitic ar an bpáiste mar dhuine fiosrach, cumasach, muiníneach agus tuisceanach 22

4. Aithneofar in ORC agus in Eitic ról a bheith ag múinteoirí i meonta páistí a chothú 23

5. Léireoidh ORC agus Eitic oideolaíocht atá páistelárnach 24

Tagairtí 37

Aguisín 1: Gluais 39

Bualadh le Páistí i gCuraclam Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus i gCuraclam Eitice-dearcadh ó thaobh oideachas agus chearta an pháiste 43

Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais-Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic i mBunscoileanna 44

Forbhreathnú ar Ábhar in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus in Eitic i gCláir Pátrún 46

# Intreoir

Le blianta beaga anuas chuir an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta roinnt clocha míle tábhachtacha le forbairt an bhunoideachais in Éirinn. Le forbairt *Aistear, Creatchuraclam na Luath-óige,* leagadh síos treo nua le haghaidh eispéiris páistí i seomraí ranga naíonán. Is obair cheannródaíoch é an Curaclam Teangacha comhtháite a críochnaíodh le déanaí sa chaoi go nascann sé foghlaim teanga páistí thar chomhthéacsanna an chéad agus an dara teanga acu agus teangacha eile. Briseann an doiciméad seo tuilleamh talamh úr agus Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic a chur i láthair, agus trí phróiseas comhairliúcháin a mhairfidh go dtí 2016, iarrtar ina theannta freagraí, smaointe agus plé ar an ábhar sin.

Bíodh is gur ceann de phríomh-mholtaí an *Fhóraim ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na Bunscoile* (Coolahan et al, 2012) é go bhforbrófaí curaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus in Eitic, dhírigh obair an CNCM, agus an chomhairliúcháin seo, ar an ábhar a ba chóir do pháistí a fhoghlaim agus cad chuige *i ngach scoil* tar éis 2016. Nuair a áirítear comhdhéanamh uathúil earnáil na bunscolaíochta in Éirinn, agus lena chois an plé reatha maidir le pátrúnacht scoile, ardaítear ceisteanna íogaire breise sa mhullach ar ghnáthchur agus cúiteamh na ndíospóireachtaí faoi athrú curaclaim in Éirinn. Cé go n-aithnítear iad sin, ta fócas an chomhairliúcháin seo ar churaclam le haghaidh ORC agus Eitice. Siúd is go bhfuil an comhairliúchán ar thús cadhnaíochta sa mhéid is go moltar ann rud éigin do *gach páiste*, tá ar a laghad roinnt de na smaointe a chuirtear i láthair anseo so-aitheanta ag mórán múinteoirí, scoileanna agus páistí. San Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus san Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta foghlaimíonn a lán páistí cheana faoi reiligiúin ina gcuid pobal agus ar fud an domhain. I gcláir patrúin in oideachas reiligiúnach agus eiticiúil , foghlaimíonn páistí conas a mhúnlaíonn creidimh gníomhartha, agus conas a léiríonn cinnteoireacht agus roghanna luachanna pearsanta agus pobail, agus go bhfuil an meas ar an duine eile agus ar an rud éagsúil ina bhunriachtanas le daoine a bheith ag maireachtáil agus ag réiteach go maith lena chéile.

Rinne an obair sin a rinneadh cheana i scoileanna na hÉireann, rinne sé eolas do na smaointe sa pháipéar seo. Tarraingítear freisin ar eispéiris i dtíortha eile agus ar léargais scoláirí agus taighdeoirí sa réimse seo. Táimid ar ár míle dícheall ag iarraidh a chinntiú go mbeidh na torthaí taighde ar fail chun bonn eolais a chur faoin gcomhairliúchán. Tá achoimrí faoi iamh leis an bpáipéar seo, ach ta tuairiscí iomlána ar fail freisin ar eispéiris idirnáisiúnta, ar chláir pátrún a thairgtear faoi láthair i scoileanna, agus ar mhachnamh ar na bunchlocha don réimse staidéir seo. Ar na staidéir fhóinteacha eile atá ar fáil áirítear taighde ar fholláine agus ar fhoghlaim páistí, agus ar eagrú an lae scoile i mbunscoileanna na hÉireann.

Is ceist thábhachtach í ceist an ama. Agus muid ag moladh réimse nua foghlama, tá a fhios ag an CNCM go rímhaith gur inis múinteoirí dúinn faoina dtaithí maidir le ro-ualach curaclaim, agus faoin imní atá orthu maidir le cáilíocht fhoghlaim agus rannpháirteachas páistí ar scoil. An chéad bhliain eile, beidh an CNCM ag comhairliú i dtaca leis an gceist sin, conas is fearr am a bhainistiú agus a leithdháileadh trasna an churaclaim. Cuirfidh roinnt snáitheanna dár gcuid oibre bonn eolais faoin gcomhairle sin, lena n-áirítear an plé atá amach romhainn ar ORC agus ar Eitic.

Cuirtear sainmhínithe i láthair, amhail na cinn a leanas, chun struchtúr a thabhairt don díospóireacht; ach aithnímid sa réimse foghlama seo, gurb ann don iliomad sainmhínithe, peirspictíochtaí agus léirmhínithe agus go mbeidh siad sin i gceist sa phlé atá romhainn. Trí rannpháirteachas a iarraidh ón bpobal agus ó pháirtithe leasmhara chomh maith, táimid ag súil leis na díospóireachtaí atá le teacht. Mar léiriú go bhfuil an CNCM tiomanta do pháistí agus do dhaoine óga a chur san áireamh i bhforbairt an churaclaim, beidh a nguthanna siúd le cloisteáil freisin sna míonna atá chugainn.

Tá na mionsonraí ar an gcaoi chun páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo le fáil ag www.ncca.ie/ga/comhairliúchn/orce.

***Cén rud é Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC)?***

Cabhraíonn ORC le páistí eolas agus tuiscint a bheith acu ar oidhreacht chultúrtha na bpríomhfhoirmeacha reiligiúin, traidisiúin chreidimh agus cruinneshamhlacha a ghabh an cine daonna chucu féin. Ní chothaíonn sé creideamh ná cleachtas aon reiligiúin ar bith; ina ionad sin díríonn sé ar fheasacht eolasach a chothú ar na príomhchreidimh dhiacha, neamhdhiacha agus shaolta lena n-áirítear príomhghnéithe a léirithe cultúrtha. Féachann ORC chuige go gcothaítear meas ar dhaoine a bhfuil a leithéid sin de reiligiún, creideamh agus cruinneshamhail acu, agus go gcothaítear tuiscint dóibh agus dáimh leo.

***Cén rud é Oideachas Eitice?***

Áiríonn teagasc na heitice foirmiú i dtiomantas pearsanta i leith dhínit agus shaoirse gach uile dhuine, agus an tiomantas sin a spreagadh, tábhacht chearta an duine agus a fhreagrachtaí, áit na córa sa tsochaí, agus freastal ar an leas coiteann. Is gnéithe iad sin ar fad atá bunriachtanach don oideachas don tsaoránacht agus d'fheidhmiú cuí an daonlathais. Is rud tábhachtach do chách go bhfoghlaimíonn siad faoi chúrsaí eitice ach is rud fíorlárnach é i bhforás an duine go bhforbrófaí modhanna iompar eiticiúil.

***Cé dó a bhfuil an curaclam?***

Is do gach páiste a fhreastalaíonn ar bhunscoil i bPoblacht na hÉireann é curaclam ORC agus Eitice. Is gnéithe tábhachtacha de shaol agus d'eispéireas an duine iad reiligiúin, creidimh agus eitic. Is baill de phobail reiligiúnacha iad roinnt páistí agus tógtar iad ag a dteaghlaigh chun creideamh áirithe a bheith acu agus a chleachtadh. Tagann páistí eile ar reiligiún ar bhealaí éagsúla, fiú amháin mura mbíonn siad féin ná a dteaghlaigh ina mbaill chleachtacha d'aon chreideamh reiligiúnach. Is minic a bhíonn páistí feasach ar eaglaisí, moscanna, sionagóga nó foirgnimh reiligiúnacha eile, b'fhéidir go bhfeicfeadh siad iad ina gceantar féin, sna meáin, ar an idirlíon nó ar saoire. Cloiseann páistí daoine ag caint ar charachtair nó ar ócáidí reiligiúnacha; is féidir go ndéanfaidh siad freastal ar ócáidí speisialta amhail póstaí, tórraimh nó féilte in áiteanna ina mbíonn adhradh reiligiúnach, in amanna éistfidh siad le scéalta agus le hamhráin agus breathnóidh siad ar scannáin, pictiúir agus léirithe amharclainne ina mbíonn tagairtí d'ionaid nó do smaointe reiligiúnacha. Le fírinne trí fhreastal a dhéanamh ar scoileanna sainchreidmheacha nó ilchreidmheacha in Éirinn tagann gach páiste trasna ar reiligiúin, creidimh agus ceisteanna eiticiúla ina saol laethúil. Cabhróidh ORC agus Eitic le páistí na gnéithe sin den saol a iniúchadh agus naisc a tharraingt eatarthu sin agus gnéithe eile d'eispéireas an duine.

***Cad é an gaol idir ORC agus Eitic?***

Cónascadh ORC agus Eitic ina réimse tosaíochta le haghaidh forbartha i dTuarascáil an Fhóraim (Coolahan et al, 2012, l. 92). Déantar plé níos faide ar aghaidh sa pháipéar seo ar an ngaol ar leith atá idir ORC agus Eitic. Tá roinnt gardhifríochtaí ann áfach, is fiú a lua idir a bhfuil ar fáil i gcuraclam ORC le hais curaclam Eitice.

Cé go dtagraítear i dtuiscintí traidisiúnta den ORC do 'chreideamh' agus go gcuirtear béim ar thoise 'chomparáideach reiligiúin', feictear go bhfuil scóip i bhfad níos leithne ag baint le hEitic (nó le hOideachas Eitice); is féidir le hoideachas eitice tarlú in agus trasna a lán réimsí curaclaim. Má breathnaítear ar an dá fhearann mar churaclam amháin seans go gcuirfí mearbhall ar dhaoine agus pléitear an cheist cé acu is cóir ORC agus Eitic a fheiceáil mar réimsí leithleacha den churaclam ach atá fós comhlántach, pléitear í sin go mion níos faide ar aghaidh sa pháipéar. Dá réir sin, féadfar a bheith ag súil leis go léireoidh forbairtí curaclaim sa dá réimse seo dúshláin agus deiseanna difriúla agus go n-éileoidh siad cuir chuige agus próisis dhifriúla i leith a bhforbartha. Is é an rud atá soiléir gur féidir leis an dá cheann cur le forbairt phobail chuimsitheacha scoile agus tacú leis sin agus a bheith dá réir sin ina bpríomhghnéithe i gcuir chuige don scoil uile i leith an chuimsithe.

***Cad é an gaol idir ORC agus Eitic agus clár an phátrúin?***

Tá ceart ag gach pátrún scoile clár a fhorbairt a thacaíonn le héiteas a scoile agus a chuireann leis. Éilíonn an tAcht Oideachais (1998) 30 (2) (d), go gcinnteodh an tAire go leagtar i leataobh *'méid*

*réasúnta'* ama i ngach lá scoile le haghaidh '*ábhair a bhaineann le, nó a éiríonn as, sainmheon na scoile'*. Is rud scartha ó na cláir sin ar fad é an curaclam ORC agus Eitice, do gach páiste, agus is cuid é de chéim nua oibre chun curaclam na bunscoile a fhorbairt ag tosú leis na réimsí Teanga agus Mata. Faoi mar a leagtar amach i dTuarascáil an Fhóraim (Coolahan et al, 2012, l. 92) níl sé i gceist ar chor ar bith go nglacfadh ORC agus Eitic áit chlár an phátrúin ná oideachas foirmiú creidimh i scoileanna sainchreidmheacha. Is tábhachtach a lua go bhfuil cláir éagsúla patrúin le fáil i mbunscoileanna na hÉireann, ó chláir shainchreidmheacha go cinn ilchreidmheacha agus mar sin de is mór an éagsúlacht tuairimí a bhíonn le fáil trasna na gclár sin. Is féidir agus an curaclam á fhorbairt go gcuirfeadh curaclam in ORC agus in Eitic le feabhas an teagaisc agus na foghlama i gclár pátrúin trí chur le réimsí leathana an oideachais reiligiúnaigh agus eiticiúil.

***Cén struchtúr ata ag an doiciméad comhairliúcháin seo?***

Tá ceithre rannán sa pháipéar seo. I rannán a haon, tugtar intreoir ar an dréachtréasúnaíocht, fís agus aidhmeanna don churaclam sula moltar roinnt gnéithe d'fhorbairt churaclaim i rannán a dó. Cuireadh bonn eolais faoi rannáin a haon agus a dó trí fhorbairt an ábhair chúlra, a thacaigh le forbairt churaclaim le haghaidh ORC agus Eitice; ar féidir na príomhtheachtaireachtaí ina thaobh a fháil in aguisín 2. Fiosraítear i rannán a trí roinnt cuir chuige fhéideartha i leith fhorbairt an churaclaim agus ardaítear an cheist 'cén áit a gcuirfí ORC agus Eitic gan cur le ró-ualach an churaclaim ach fós infheictheacht agus tionchar an churaclaim sa seomra ranga a chinntiú?' Tugtar roinnt mionsonraí sa rannán deiridh ar an bpróiseas comhairliúcháin agus ar an rannpháirteachas le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal trí chéile.

# Réasúnaíocht, Fís agus Aidhmeanna don ORC agus Eitic

## Réasúnaíocht

Leagadh amach an rannán seo i bhformáid 'ceist agus freagra' agus cuirtear i láthair ann an réasúnaíocht chun ORC agus Eitic a thabhairt isteach i mbunscoileanna na hÉireann.

***Cén fáth a bhfuiltear ag forbairt curaclaim in ORC agus in Eitic?***

Baineann cuid thábhachtach d'oideachas páiste le bheith ag foghlaim faoi agus ag tuiscint saol, luachanna agus traidisiúin cairde, páirtithe ranga, agus baill den phobal i gcoitinne. Cothaítear braistint féiniúlachta agus chomhuintearais páiste i scoileanna na hÉireann trí fhoghlaim eispéireasach, cruthú timpeallachtaí cuimsitheacha scoile agus caidreamh dearfach idir an páiste agus an múinteoir. Is gá dúinn anois na cleachtais thábhachtacha sin a léiriú inár gcuraclam bunscoile. Is féidir go dtarlaíonn a leithéid sin d'fhoghlaim cheana in ábhair amhail Oideachas Sóisialta Polaitiúil agus Sláinte, clár an phátrúin agus leoga trasna gnéithe de churaclam iomlán na bunscoile. Chun a chinntiú áfach, go mbíonn an deis ag gach páiste ar an gcineál sin foghlama agus chun a chinntiú go n-aithnítear agus go dtacaítear leis na dea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana i scoileanna, tá an CNCM ag forbairt curaclaim in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic.

Glactar leis gur cuid thábhachtach d'oideachas ardchaighdeáin é eolas ar reiligiúin agus ar chreidimh agus gur féidir leis saoránacht dhaonlathach agus cóimheas a chothú, saoirse chreidimh a fheabhsú agus tuiscint ar éagsúlacht a chur chun cinn. Dhírigh roinnt scoláirí aird ar an gceist, agus i bhfianaise an athéirí in aighneas reiligiúnach, maítear anois gur príomhghné den Oideachas Reiligiúnach gur gá foghlaim *'ón'* reiligiún (Grimmit, 2000, Hull, 2001, McGrady, 2013). Tá an fócas sa chur chuige seo ar pháistí mar chomhthógálaithe eolais agus an modh ina mbaineann foghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus eitic lena gcuid eispéiris féin, déanann páistí an modh sin a inmheánú agus bíonn fiúntas leis trína rannpháirteachas ann.

Chomh maith céanna tá an eitic ina réimse staidéir a bhfuil meas air leis na mílte bliain agus tá staidéar uirthi fíorábhartha i sochaí iolrach ina bhfuil éagsúlacht tuiscintí ar an gcaoi le maireachtáil. Déanann tuiscint eiticiúil eolas don chaoi a gcaitheann daoine a saol agus tá sé lárnach sa saol laethúil. Is minic a bhaineann machnamh criticiúil le hoideachas eitice, machnamh ar an mbrí atá le hiompar agus ar na luachanna agus na noirm a ghabhann daoine chucu féin d'fhonn a n-iompraíocht féin a threorú nó a rialú. Cabhraíonn machnamh eiticiúil le forbairt bhraistint mhorálta an duine, i dteannta léiriú a thabhairt ar chumas an duine aonair chun breithiúnas criticiúil a dhéanamh a chuirfidh le cómhaireachtáil mheasúil idir daoine. Is féidir leis an gcuraclam Eitice díriú ar dhúshláin a bhaineann

le saol an phobail amhail caidrimh idir daoine, saoirse, cearta an duine, freagracht, cairdeas, saoránacht agus cabhair i gcomhar; ar réimsí iad a iniúchtar i roinnt ábhar faoi láthair i gCuraclam na Bunscoile. Is féidir go ndíreoidh eitic freisin ar cheisteanna a bhaineann linn féin mar bhaill de shochaí a bhíonn ag síorathrú, amhail ról na meán, caomhnú na timpeallachta nó an tionchar féideartha a thiocfadh a bheith ag forbairtí eolaíochta agus teicneolaíochta ar dhaoine agus ar an tsochaí.

# Fís

***Cad é an fhís a mholtar do churaclam in ORC agus in Eitic?***

Tá an fhís do churaclam in ORC agus in Eitic i leith oideachas iolrach agus luachanna a chabhróidh le múinteoirí tacú le páistí inár scoileanna maireachtáil i saol atá ilghnéitheach agus ionchur dearfach a bheith acu ann. Cuirfidh an curaclam le forbairt an pháiste i gcúig phríomhreimse: *tuiscint phearsanta, comhthuiscint, oideachas carachtair, nascadh leis an saol mór* agus *feasacht spioradálta*, tugtar breac-chuntas orthu sin i rannán na n-aidhmeanna thíos.

***Conas a chuirfidh an fhís seo le saol páistí?***

Cabhróidh an rannpháirtíocht in ORC agus in Eitic chun braistint féiniúlachta agus chomhuintearais a chothú i measc páistí trí fhorbairt a dhéanamh ar a bhféinfheasacht, féinmhuinín, féinmheas agus, ar deireadh a sonas. Comhroinnfidh páistí smaointe faoin domhan, agus cothóidh siad caidreamh agus cairdeas le páistí eile a bhfuil cúlra éagsúil creidimh acu. Trí mhachnamh a dhéanamh ar a gcuid creidiúintí agus luachanna féin, agus orthu siúd atá ag daoine eile, beidh níos mó meas acu orthu féin agus ar dhaoine eile. Cuirfidh rannpháirtíocht ghníomhach páistí in oideachas d'eitic lena bhfeasacht ar chastachtaí iompraíocht an duine agus cuirfidh sí le forbairt scileanna agus meonta a theastaíonn chun maireachtáil i sochaí ilchineálach agus chun cur léi ar bhealach atá dearfach. Forbróidh páistí tuiscint ar an gceart chun creidiúint nó dearcadh áirithe a bheith ag duine; beidh siad tuisceanach ar an éagsúlacht reiligiúin agus creidiúintí ata ann agus ar an gcion a dhéanann an éagsúlacht sin i leith an tsochaí a shaibhriú. Glacfaidh páistí páirt i gcumarsáid agus i ndialóg idir daoine ó chúlraí difriúla cultúrtha, reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha agus spreagfaidh siad an chumarsáid sin; foghlaimeoidh siad conas cur i gcoinne claontachta agus na héifeachtaí is measa a bhaineann le steiréitíopáil. Trína gcuid rannpháirteachais le ORC agus le hEitic forbróidh páistí an meon chun cur go dearfach le sochaí ilghnéitheach.

***Conas a chuirfidh an fhís seo le saol tuismitheoirí?***

Aithneofar sa churaclam atá molta in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic gurb é an tuismitheoir is múinteoir príomha an pháiste agus gurb é an gníomhaire is tábhachtaí é i bhforbairt páiste. Tá an ról lárnach a bhíonn ag tuismitheoirí agus ag teaghlaigh le feiceáil go soiléir in

oideachas na heitice agus i gcur ar aghaidh nó i bhfoirmiú luachanna. Aithnítear go forleathan go leanann tairbhí móra oideachasúla, sóisialta agus iompraíochta den leanbh de thoradh comhpháirtíocht éifeachtach idir tuismitheoirí agus múinteoirí. Tacóidh curaclam in ORC agus in Eitic leis an gcomhpháirtíocht sin tríd an teagasc agus tríd an bhfoghlaim sa seomra ranga a nascadh le heispéireas an pháiste ina mbailte agus ina bpobail. Ciallóidh an próiseas sin go mbeidh baint dhíreach ag tuismitheoirí le heispéiris foghlama a bpáiste agus go mbeidh siad ag tacú leo a bheith ina rannpháirtí gníomhach sa phróiseas oideachasúil.

***Conas a chuirfidh an fhís seo le cleachtas múinteora?***

Beidh an curaclam ORC agus Eitice a mholtar bunaithe ar mheas do neamhspleáchas agus do bhreithiúnas gairmiúil múinteoirí. Cé go bhfuil a lán de na prionsabail oideolaíochta ag teacht leo siúd atá i gcuraclam ’99 (ROS, 1999) agus *Aistear* (CNCM, 2009), is spás uathúil é mar sin féin agus dá réir sin tá deiseanna ann le haghaidh foghlaim ghairmiúil sa chomhthéacs seo. Éilítear go mbíonn teagasc ORC agus Eitice *‘oibiachtúil, criticiúil agus iolrach’* (ODIHR, 2007, lgh. 68, 88, 104) agus mar sin de baineann sé le machnamh an mhúinteora, iad a bheith ag seiceáil agus ag oiriúnú a gcuid eolais chun a chinntiú go bhfuil se ag teacht le riachtanais na bpáistí. Éilíonn machnamh agus féinfheasacht meabhrú gníomhach grinn ó thaobh an mhúinteora de. Trí bhíthin an phróisis mhachnaimh seo, éiríonn sé soiléir go bhféadfadh múinteoirí a bheith ar a dturas oideachasúil féin, ag foghlaim níos mó faoina gcuid áitiúis agus toimhdí pearsanta féin; is amhlaidh a thiocfaidh siad ar thuiscint níos fearr orthu féin, a ndomhan agus a n-ionad ann.

***Conas a chuirfidh an fhís seo le héiteas scoile?***

Tá ORC agus Eitic ina ngné fhíorlárnach maidir le pobail scoile chuimsitheacha a fhorbairt, tairbhe a dhéanamh dóibh agus tacú leo, agus éilíonn sé cur chuige sa scoil uile. Ceann de chomharthaí sóirt scoileanna cuimsitheacha is ea timpeallachtaí foghlama a léiríonn agus a thaispeánann gur ábhar bróid é an éagsúlacht theangeolaíoch, eitneach, chultúrtha agus reiligiúnach atá le fáil i bpobal na scoile. Dá réir sin, tacaíonn siad le féiníomhá dhearfach gach páiste beag beann ar a n-eitneacht, cultúr ná creideamh; chomh maith le treisiú a dhéanamh ar normáltacht na héagsúlachta do gach páiste. Is é tabhairt isteach ORC agus Eitice mar chúis lárnach le hoideachas cuimsitheach agus le forbairt timpeallachtaí iolracha measúla, agus cuireann sé sin béim bhreise ar an ngá go mbítear feasach ar chleachtais infheicthe agus cheilte pobal scoile maidir le timpeallachtaí cuimsitheacha scoile a chruthú.

***Conas a chuirfidh an fhís seo leis an tsochaí?***

Tá sé de rún ag ORC agus ag Eitic béim a chur ar fhiúntas sochaíoch na héagsúlachta, cibé cé acu i bhfoirmeacha reiligiúnacha, inscne, eitneacha nó eile. Leis an éagsúlacht mhéadaithe sa tsochaí áfach tagann an gá le haghaidh braistint chomhuintearais agus dáimhe, a chónascann daoine aonair agus grúpaí le chéile. Féachann curaclam ORC le tuiscint ghlinn ar an éagsúlacht a fhorbairt trasna córais chreidimh, agus ag an am céanna béim a chur ar an rud atá comónta agus comhroinnte. Féachann Eitic, trí smaointeachas agus luachanna indibhidiúla criticiúla a fhorbairt, le freagracht phearsanta a fhorbairt agus ag an am céanna an leas coiteann a chur chun cinn.

## Aidhmeanna

Díríonn curaclam '99 (ROS, 1999) béim ar an gcoincheap go gcabhraítear le páistí lánsástacht phearsanta agus folláine indibhidiúil a bhaint amach. Is iad trí aidhm ghinearálta an bhunoideachais:

- a chur ar chumas an pháiste saol iomlán mar is dual do pháiste a chaitheamh, agus a (h)acmhainn mar dhuine uathúil a thabhairt chun críche
- a chur ar chumas an pháiste teacht chun cinn mar neach sóisialta trí chónaí agus chomhoibriú le daoine eile agus sa tslí sin a c(h)ion féin a dhéanamh ar mhaithe leis an tsochaí
- an páiste a ullmhú d'oideachas breise agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil. (l. 7)

Cé gur réimsí oideachais ar leith iad ORC agus Eitic iontu féin, le chéile tacóidh siad le haidhmeanna ginearálta churaclam '99 agus le haidhm ghinearálta *Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige, 'cabhrú le gach leanbh fás agus forbairt ina bhfoghlaimeoirí inniúla muiníneacha i gcomhthéacs caidrimh ghrámhara le daoine eile, ag aithint gur duine uathúil gach páiste lena c(h)uid féin láidreachtaí, inniúlachtaí, suimeanna agus riachtanais.'* Feabhsóidh ORC agus Eitic forbairt phearsanta, mhorálta, chultúrtha agus spioradálta páistí, agus lena linn sin cuirfidh sé freisin le forbairt na scileanna, inniúlachtaí, dearcthaí agus meonta sin a bheidh ag teastáil uathu don saol agus don obair i ndomhan atá ag éirí níos casta agus níos éagsúla de shíor.

***Cad iad aidhmeanna ginearálta churaclam ORC agus Eitice?***

Tacaíonn aidhmeanna ginearálta an churaclaim mholta d'ORC agus d'Eitic leo siúd i gcuraclam '99, *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNAM, 2009) agus *Treoirlínte an Oideachais Idirchultúrtha sa Bhunscoil* (CNCM, 2004) agus is féidir a rá go dtacaíonn siad le múinteoirí chun a chur ar chumas páistí:

- féinfheasacht, muinín, creidiúintí pearsanta agus féiniúlacht shóisialta dhearfach a fhorbairt

- eolas agus tuiscint a bheith acu ar an gcaoi ar chuir cruinneshamhlacha reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha leis an gcultúr ina mairimid, agus a mbíonn tionchar leanúnach acu ar dhaoine aonair agus ar chaidrimh idir daoine aonair agus a bpobail
- compord, ionbhá agus lúcháir a léiriú le héagsúlacht chultúrtha, teanga bheacht a úsáid le haghaidh difríochtaí daonna, agus ceangail dhoimhne chomhbhácha dhaonna a chruthú
- éagothroime, éagóir agus míchothromaíocht a aithint agus an gaol idir cearta agus freagrachtaí a thuiscint
- tuiscint a bheith acu ar an tionchar a bhíonn ag claontacht agus ag gníomhartha leatromacha ar dhaoine eile.

Tugtar breac-chuntas ar shainaidhmeanna an churaclaim thíos d'idir ORC agus Eitic. Cé go gcuirtear i láthair iad go scartha anseo is tábhachtach a aithint go bhfuil cuid mhaith den ábhar céanna idir an dá réimse agus i dteannta a chéile go gcuireann siad leis na haidhmeanna ginearálta a thugtar thuas. Tá sé i gceist na sainaidhmeanna thíos a fhorbairt tuilleadh de bharr na bhfreagraí ón bpróiseas comhairliúcháin, a chuirfidh bonn eolais faoin obair a dhéanfaidh an mheitheal forbartha don ORC agus Eitic.

***Cad iad na sainaidhmeanna le haghaidh curaclaim in ORC?***

Tá na sainaidhmeanna do churaclam molta ORC leagtha amach i dtrí réimse:

*Tuiscint phearsanta*

Amanna bíonn ról tábhachtach le himirt ag ORC maidir le tuiscint phearsanta a chur chun cinn agus páistí a spreagadh le bheith muiníneach faoina gcreidiúintí, tuairimí agus féiniúlacht féin, agus le bheith ar a suaimhneas faoi na nithe sin a roinnt. Cabhróidh an curaclam leis an múinteoir a chur ar chumas an pháiste:

- a n-uathúlacht féin a aithint, a bhféinmheas agus a luach pearsanta a thuiscint agus mothú dearfach a fhorbairt faoina gcuid creidiúintí agus luachanna féin
- féinmhuinín, freagracht phearsanta agus meas orthu féin a fhorbairt
- leanúint orthu ar thuras na tuisceana pearsanta agus a bheith cumasaithe chun cinntí eolasacha a dhéanamh.

*Comhthuiscint*

Amanna bíonn ról tábhachtach le himirt ag ORC maidir le comhthuiscint a chur chun cinn idir daoine trí fhoghlaim faoi ilchineálacht ghrúpaí difriúla reiligiúnacha agus eitneacha agus faoi chumhacht scriosta na claontachta. Cabhróidh an curaclam leis an múinteoir a chur ar chumas an pháiste:

- dea-chaidreamh a fhorbairt, comhbhá a bheith acu agus a bheith tuisceanach faoin éifeacht a bhíonn ag a gcuid smaointe, cinntí agus iompair ar dhaoine eile
- éagsúlacht agus saibhreas an chine dhaonna a fhiosrú, meas a bheith acu ar an gceart atá ag duine córas creidimh pearsanta a bheith aige agus a chleachtadh agus a luachanna a chur i bhfriotal.

*Feasacht spioradálta*

Amanna bíonn ról tábhachtach le himirt ag ORC maidir le feasacht spioradálta, tábhacht phearsanta, féiniúlacht agus muintearas páiste a chur chun cinn. Cabhróidh an curaclam leis an múinteoir a chur ar chumas an pháiste:

- machnamh iontu féin agus lastall dóibh féin faoi nádúr luachmhar shaol an duine agus faoi thábhacht a sláinte inmheánaí féin
- plé agus machnamh a dhéanamh ar eochaircheisteanna faoi bhrí agus faoi fhírinne na beatha
- fiosracht agus ceisteoireacht a fhorbairt ionas go dtiocfaidh forbairt agus daingniú ar a gcuid féin tuairimí agus smaointe ar agus faoi cheisteanna reiligiúnacha agus spioradálta
- mothú méadaithe féinsonais, féinfheasachta agus féinmheasa a fhorbairt iontu féin,

***Cad iad na sainaidhmeanna le haghaidh curaclaim in Eitic?***

Is iad seo sainaidhmeanna an churaclaim Eitice:

*Oideachas Carachtair*

Féadann ról tábhachtach a bheith ag Eitic in oideachas carachtair a chur chun cinn agus i dtuiscint a chothú ar cheart agus ar mhícheart trí chabhrú leis an múinteoir a chur ar chumas an pháiste:

- a thuiscint go gciallaíonn cearta daoine freagrachtaí freisin, a thuiscint gur féidir leo, trí fhreagracht a ghlacadh as a gcuid gníomhartha, spiorad réamhghníomhach a fhorbairt agus iad féin a chumhachtú, gur féidir leo cur lena ndomhan
- braistint choinsiasa a fhorbairt, a thábhachtaí atá macántacht phearsanta a aithint agus caoinfhulaingt ghníomhach agus meas a chothú trasna deighiltí reiligiúnacha/cultúrtha
- scileanna an mhachnaimh, an ghrinnis, na smaointeoireachta criticiúla agus na cinnteoireachta a fhorbairt agus iad ag déanamh cinntí morálta.


*Nasc leis an saol mór*

Féadann ról tábhachtach a bheith ag Eitic i gcaidreamh an pháiste leis an domhan mór, agus a bhfeasacht agus a dtuiscint ar éagsúlacht i bpobail áitiúla agus dhomhanda, a chur chun cinn. Cabhróidh an curaclam leis an múinteoir a chur ar chumas an pháiste:

- dea-chaidreamh a chothú, meas a bheith acu ar an difríocht idir daoine agus cumhacht scriosta na claontachta, an leatroim, an chiníochais agus na tromaíochta a thuiscint
- feasacht agus meas ar an gcomhshaol a fhorbairt agus coincheap na forbartha inbhuanaithe agus maoirseacht ar an gcomhshaol a thuiscint
- iniúchadh agus smaointeoireacht a dhéanamh ar cheisteanna tráthúla spioradálta, morálta, sóisialta agus cultúrtha agus ar na dúshláin a bhaineann le maireachtáil i sochaí dhaonlathach chomh maith le húdar agus cosaint a thabhairt ar thuairimí agus ar chreidiúintí pearsanta
- eolas criticiúil, tuiscint agus feasacht ar chearta an duine, cothroime, cultúr, ceartas sóisialta agus cuimsitheacht shóisialta a fhorbairt.

Tugann Fíor 1 léargas ginearálta ar na sainaidhmeanna le haghaidh curaclaim in ORC agus in Eitic.

**Fíor 1: Sainaidhmeanna le haghaidh curaclaim in ORC agus in Eitic**



**Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh**

Déanfar na sainaidhmeanna a ionchorprú laistigh de agus trasna ábhair an churaclaim in ORC agus in Eitic. Ag tarraingt as samplaí idirnáisiúnta a dtugtar cuntas orthu in obair de chuid na Fondúireachta Náisiúnta um Thaighde Oideachais (Grayson et al, 2014), tugtar breac-chuntas sna táblaí thíos ar roinnt téamaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ar fail sa churaclam.

**Tábla 1: Téamaí féideartha le haghaidh churaclam ORC**

| Rang | Téamaí Féideartha |
|---|---|
| **Naíonáin shóisearacha-Rang 2** | Mé féin agus mo theaghlach |
| | Ócáidí ceiliúrtha teaghlaigh |
| | Scéalta lánbhrí domsa agus do dhaoine eile |
| | Mo chaidreamh le daoine eile |
| | Daoine tábhachtacha creidimh i mo phobal |
| | Ionaid thábhachtacha cultúrtha i mo phobal |
| | Córais chreidimh: príomhphearsana agus deasghnátha aistrithe saoil |
| **Rang 3 - 6** | Creideamh: an rud a chreideann daoine, daonnacht agus an domhan nádúrtha |
| | Ceiliúradh: conas agus cén fáth a mbíonn ócáidí ceiliúrtha tábhachtach i gcórais chreidimh |
| | Siombailí: conas agus cén fáth a léiríonn siombailí brí |
| | Ceannairí agus múinteoirí: daoine a mbíonn tionchar acu ar chreidimh daoine eile: go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda |
| | Muintearas: cén áit agus conas a mbíonn daoine muinteartha agus cén fáth a mbíonn muintearas tábhachtach |
| | Adhradh, oilithreacht agus ionaid shácráilte |
| | Turas na beatha agus an bháis |
| | Córais chreidimh: deasghnátha, luachanna agus creidiúintí |

**Tábla 2: Téamaí féideartha le haghaidh churaclam Eitice**

| Rang | Téamaí féideartha |
|---|---|
| **Naíonáin shóisearacha-Rang 2** | Cé mé? |
| | Mise agus mo phobal |
| | Na daoine a gcónaím leo agus teaghlaigh sa cheantar i mo thimpeall |
| | Mo chairdeas |
| | Conas is mian linn go gcaithfidh daoine linn |
| **Rang 3 - 6** | Saoránacht |
| | Inbhuanaitheacht-sóisialta, comhshaoil, cultúrtha agus geilleagrach |
| | Freagracht a ghlacadh |
| | Athrú Aeráide |
| | Cothromaíocht agus Ceartas |

Tugtar na téamaí a bhfuil breac-chuntas orthu thuas mar shamplaí de na cineálacha inneachair a mbeifí ag súil leo sa churaclam a mholtar d'ORC agus d'Eitic. Ná síltear go bhfuil an rogha téamaí seo

iomlán, uileghabhálach ná críochnaithe, ná baol air. Is tábhachtach a lua cén fearann leathan foghlama a chuimsíonn 'eitic'. Ceist shuimiúil le hardú is ea cá mhéad is féidir le heitic, mar chomhpháirt amháin den churaclam seo, gach teagasc eiticiúil a chlúdach. Ag tarraingt as an saineolas agus as an taithí ar leith atá ag na baill in ORC agus in Eitic, is é an tasc a bheidh ag an Meitheal Forbartha nua an curaclam a mholtar a mhúnlú; agus beidh an Bord Luath-Óige agus Bunscoile ag plé leis an gcuraclam a mholtar, agus ag cur leis, i bhfianaise athruithe eile a dhéantar ar churaclam na bunscoile – cinn atáthar a phleanáil faoi láthair agus cinn atá faoi lán seoil - sula ndéanfaidh an CNCM an faomhadh deiridh. Bunófar an Mheitheal Forbartha tar éis an phróisis chomhairliúcháin.

**Conas a nascfar na haidhmeanna d'ORC agus d'Eitic le hAistear?**

Tá naisc láidre ag na sainaidhmeanna a shonraítear thuas le cinn Aistear. Tarraingítear ar Thábla 3 naisc idir sainaidhmeanna ORC agus Eitice agus aidhmeanna Aistear mar a mhínítear iad thar na ceithre théama de Chreatchuraclam na Luath-óige[1].

**Tábla 3: Naisc idir aidhmeanna ORC agus Eitice agus Aistear**

| Sainaidhmeanna ORC agus Eitice | Aidhmeanna Aistear |
|---|---|
| Tuiscint Phearsanta | Beidh féinaitheantas dearfach ag páistí agus mothóidh siad go bhfuil meas orthu agus tacaíocht acu mar dhaoine uathúla lena scéal beatha féin (F&M)<br>Braithfidh páistí féiniúlacht ghrúpa ina dtabharfar aitheantas do naisc lena dteaghlach agus lena bpobal agus sínfear na naisc sin (F&M)<br>Feicfidh páistí iad féin mar fhoghlaimeoirí cumasacha (F&M)<br>Úsáidfidh páistí scileanna neamhbhriathartha (C)<br>Úsáidfidh páistí teanga (éisteacht, labhairt, comharthaíocht, líníocht, agus scríbhneoireacht) (C)<br>Leathnóidh páistí a dtuiscint ar an domhan trí bhrí a bhaint as eispéiris trí theanga ((éisteacht, labhairt, comharthaíocht, líníocht, agus scríbhneoireacht) (C) |
| Comhthuiscint | Beidh ar chumas páistí a gcearta a chur in iúl agus tuiscint agus meas a léiriú ar fhéiniúlacht, cearta agus tuairimí daoine eile (F&M) |
| Feasacht Spioradálta | Beidh páistí cruthaitheach agus spioradálta (F&L)<br>Cuirfidh páistí iad féin in iúl go cruthaitheach agus le samhlaíocht (C) |
| Oideachas Carachtair | Beidh páistí láidir go síceolaíoch agus go sóisialta (F&L)<br>Beidh páistí chomh folláin agus chomh haclaí agus is féidir leo a bheith (F&L)<br>Beidh dearcthaí dearfacha ag páistí i leith na foghlama agus cothóidh siad meonta amhail fiosracht, spraíúlacht, seasmhacht, muinín, seiftiúlacht agus fiontraíocht. (T&S) |
| Caidreamh leis an Saol Mór | Beidh dearcadh dearfach ag páistí ar an bhfoghlaim agus ar an saol (F&L)<br>Foghlaimeoidh páistí faoin domhan ina dtimpeall agus bainfidh siad brí as (T&S)<br>Forbróidh agus úsáidfidh páistí scileanna agus straitéisí don bhreathnóireacht, ceisteoireacht, fiosrú, tuiscint, idirbheartaíocht, agus réiteach fadhbanna, |

[1] Ar fáil ar líne ag www.ncca.ie/earlylearning.

| | |
|---|---|
| | agus beidh aithne acu orthu féin mar thaiscéalaithe agus mar smaointeoirí (T&S)<br>Fiosróidh páistí bealaí chun smaointe, mothúcháin, réada agus gníomhartha a chur in iúl trí shiombailí (T&S) |

Eochair: 4 Théamaí Aistear: Folláine agus Leas (F&L), Féiniúlacht agus Muintearas (F&M), Cumarsáid (C),Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht (T&S).

**Conas a nascfar na haidhmeanna le haghaidh ORC agus Eitice leis an tSraith Shóisearach?**

Déanfar naisc idir comhpháirt mholta ORC den churaclam agus siollabas Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí san iar-bhunscoil. Tá an siollabas d'Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí leagtha amach ina dhá chuid agus trí fho-roinn i ngach ceann acu:

**Tábla 4: Réimsí Staidéir i Siollabas Oideachas Reiligiúnach na Sraithe Sóisearaí**

| | |
|---|---|
| ***Cuid 1*** *(is féidir le scoláirí 2 cheann díobh seo a leanas a roghnú)* | Pobail Chreidimh |
| | Foras Feasa Reiligiúin – an Chríostaíocht |
| | Foras Feasa Reiligiúin – Príomhreiligiúin an Domhain |
| ***Cuid 2*** *(tógann scoláirí gach ceann díobh seo a leanas)* | Ceist an Chreidimh |
| | Ceiliúradh an Chreidimh |
| | An Dúshlán Morálta |

Féadann scoláirí dhá cheann de na trí réimse staidéir a phiocadh i gcuid a haon agus déanfaidh siad na trí réimse ar fad i gcuid 2. Is cosúil go mbeidh naisc nádúrtha idir inneachar ORC agus an snáithe 'Foras Feasa Reiligiúin – Príomhreiligiúin an Domhain' sa tSraith Shóisearach. Ba thábhachtach mar sin de go n-aithneofaí na ceangail idir comhpháirt ORC den churaclam agus an tOideachas Reiligiúnach sa tSraith Shóisearach go speisialta ag taobh sinsearach na bunscoile.

Mar a gceanna, i gcás na comhpháirte Eitice den churaclam molta, is féidir naisc a dhéanamh le siollabas Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) na Sraithe Sóisearaí. Is féidir go mbeidh naisc ag coincheapa amhail cearta agus freagrachtaí, dínit an duine, forbairt, daonlathas agus maoirseacht atá le fáil in OSSP go mbeidh nasc acu lena bhforbraítear do chúrsaí Eitice sna bunscoileanna.

Rud tábhachtach le cur san áireamh is ea cé chomh hoiriúnach ó thaobh na forbartha agus atá curaclam d'ORC agus d'Eitic. Tagann athrú le himeacht aimsire ar an gcaoi a bhfoghlaimíonn páistí, go cogneolaíoch, go sóisialta agus go mothúchánach. Is féidir go mbeidh cuma an-éagsúil ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim i ranganna sóisearacha agus sinsearacha na bunscoile. Rud eile le cur san áireamh i gcuraclam ORC agus Eitice mar sin de is ea leanúnachas an dul chun cinn agus a laghad

athdhéanamh ábhair agus is féidir a bheith ann ag taobh sinsearach na bunscoile agus ag dul isteach san iar-bhunscoil.


# Tréithe Curaclaim

Is gnéithe tábhachtacha iad eolas agus tuiscint ar reiligiúin, creidimh agus eitic d'oideachas ardchaighdeáin a fhorbraíonn saoránacht dhaonlathach, a chothaíonn cóimheas, a fheabhsaíonn, saoirse chreidimh agus a chuireann tuiscint ar éagsúlacht chun cinn.

Molann an rannán seo cúig phríomhghné de churaclam ORC agus Eitice. Tugtar breac-chuntas ar ORC agus Eitic anseo thíos:

- is réimsí comhlántacha ach éagsúla den oideachas iad
- tá siad iolrach ó nádúr
- beidh meas ar an bpáiste mar dhuine fiosrach, cumasach, muiníneach agus tuisceanach
- aithneofar ról lárnach a bheith ag múinteoirí chun meonta páistí a chothú
- léirítear oideolaíocht atá páistelárnach.

**Fíor 2: Na cúig ghné d'fhorbairt churaclaim d'ORC agus d'Eitic**




## 1. Tá ORC agus Eitic comhlántach ach fós éagsúil lena chéile

Ar mhaithe le forbairt an churaclaim, is suimiúil agus is gá dáiríre smaoineamh ar ORC agus Eitic mar dhá réimse den oideachas atá gaolta ach éagsúil. Cé go gcuireann an dá cheann go mór le meas,

tuiscint agus comhbhá a fhorbairt i leith daoine eile sa tsochaí, is réimsí suntasacha staidéir iad iontu féin, a éilíonn scileanna, eolas agus cuir chuige éagsúla ina dteagasc agus ina bhfoghlaim. Moltar go bhforbraítear ORC agus Eitic mar chomhpháirteanna leithleacha ach comhlántacha i gcuraclam na bunscoile.

I dteannta a chéile, féachann ORC agus Eitic le cumas an duine a chothú agus caighdeán na beatha do pháistí a fheabhsú. Ag obair i gcuideachta a chéile, is féidir leo tuiscint ar reiligiúin agus ar chreidimh a fhorbairt agus idéil na saoirse, na córa agus dínit do chách a chur chun cinn. Cabhraíonn ORC agus Eitic chun an dúshlán a shárú a bhaineann le comhbhá agus dearcthaí níos dearfaí a fhorbairt i measc páistí i leith grúpaí atá éagsúil ó thaobh cultúir, cine agus eitneachta i sochaí atá ag éirí níos iolraí in aghaidh an lae.

Cé go ndíríonn ORC ar fheasacht eolasach a chothú ar na príomhchreidimh dhiacha, neamhdhiacha agus shaolta, lena n-áirítear príomhghnéithe a léirithe cultúrtha, cuireann Eitic béim ar shamhlaíocht mhorálta an pháiste a leathnú agus cumas a t(h)uisceana morálta a fhorbairt, rud atá riachtanach chun roghanna críonna a dhéanamh. Cuireann oideachas Eitice le forbairt daoine aonaracha neamhspleácha, atá ábalta breithiúnas criticiúil a dhéanamh agus san am céanna cothaíonn sé idirphlé agus saol pobail i sochaí atá iolrach. Tá sé mar aidhm ag ORC meas, tuiscint agus comhbhá ar bhaill gach reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhla a chothú. Cothaíonn an dá cheann scileanna agus meonta a bhíonn ag teastáil ó dhaoine óga chun maireachtáil i sochaí atá éagsúil agus chun cur léi.

## 2. Tá ORC agus Eitic iolrach ó nádúr

Is chun fíoriolrachas[2] a chruthú a sheasann an fhís oideachasúil atá mar bhonn agus mar thaca ag Curaclam ORC agus Eitice agus ina bhfuil meas ar oideachas a chuireann ar chumas páistí agus múinteoirí araon inár gcuid scoileanna maireachtáil sa tsochaí ilghnéitheach, chlaochlaitheach seo againn, agus cur léi ar dhóigh dhearfach. Mar a léiríodh sa Réamhrá ar Churaclam na Bunscoile (CNCM,1999) faoin bhforannán Saincheisteanna Ríthábhachtacha sa Bhunoideachas, i dtaca le cur chuige iolrach, *'Aithníonn sé chomh maith céanna éagsúlacht na gcreideamh, na luachanna agus na mianaidhmeanna atá ag gach grúpa reiligiúnach agus cultúrtha sa tsochaí. (l.28).*

Cuireann iolrachas luach ar réimse de dhearcthaí seachas cur chuige nó modh amháin chun an saol a léirmhíniú. Aithneoidh ORC agus Eitic an réimse tuiscintí agus léirithe ar reiligiúin agus ar chreidimh a mhúnlaítear ag cúinsí agus ag eispéiris chultúrtha agus indibhidiúla. Díreoidh sé aird agus meas cuí

[2] Cothaíonn fíoriolrachas cultúr ina dtugtar onóir d'éagsúlacht reiligiúnach. Dearbhaíonn sé an ceart atá ag gach duine a gcreideamh a chreidiúint agus a chleachtadh, ní hé amháin ina saol príobháideach ach freisin sa spás poiblí. Ní laghdaíonn fíoliolrachas difríochtaí reiligiúnacha trína rá 'go bhfuil gach reiligiún mar an gcéanna ar deireadh' ina ionad sin, spreagann sé comhráite agus díospóireachtaí trasna deighiltí difríochta.

ar an éagsúlacht laistigh de reiligiúin agus de chreidimh chun a chinntiú nach ndéantar na botúin, ginearálú róleathan nó steiréitíopáil.

Tabharfaidh an curaclam aghaidh ar an gcomhdhéanamh éagsúil i seomraí ranga comhaimseartha chomh maith le cuir chuige iolracha a mholadh chun an curaclam a theagasc. Bainfidh ORC agus Eitic tairbhe as eispéiris páistí, trína bhféiniúlacht agus a muintearas a chíoradh, agus deis a thabhairt dóibh iad féin a chur in iúl i dtéarmaí a gcúlra eitneach, creidimh agus creidiúintí.

## 3. Beidh meas in ORC agus in Eitic ar an bpáiste mar dhuine fiosrach, cumasach, muiníneach agus tuisceanach

Ag tógáil ar léirithe ar an bpáiste i gcuraclam ’99 (ROS, 1999) agus in Aistear (CNCM, 2009), is í an íomhá den pháiste a chuirtear chun cinn sa churaclam a mholtar d’ORC agus d’Eitic gur duine fiosrach, cumasach, muiníneach agus tuisceanach é. Aithníonn an curaclam páistí freisin mar dhaoine iomlán daonna agus daoine dá réir sin a léiríonn lochtanna atá ina gcomharthaí sóirt ar staid an duine. Glactar le páistí mar aisteoirí sóisialta a ghlacann páirt ghníomhach chun a dtuiscint, a bhféiniúlacht agus a gcultúr a chomhthógáil le piaraí agus le daoine fásta.  Aithneofar sa churaclam a mholtar saibhreas eispéiris gach uile pháiste agus é múnlaithe ag meascán uathúil cúinsí lena n-áirítear, i measc rudaí eile, dinimic an teaghlaigh, caidrimh, noirm chultúrtha, ionchais na sochaí agus gnásanna reiligiúnacha.

In Éirinn, téann páistí i dteagmháil le réimse éagsúil grúpaí cultúrtha, eitneacha, reiligiúnacha agus teangeolaíochta agus bíonn caidreamh acu leo. Agus iad ag bualadh le grúpaí éagsúla a bhfuil tuairimí agus creidimh dhifriúla acu, tarlaíonn easaontais agus teannas gan amhras.  Is gné an-tábhachtach de shochaí iolrach í an chaoi a dtéann an páiste i ngleic leis na hábhair teannais sin. Nuair a léirítear an páiste mar dhuine ‘tuisceanach’, aithnítear an mhaitheas ó dhúchas atá laistigh den duine agus a c(h)umas chun teacht ar réiteach leo siúd a n-easaontaíonn siad leo.

Cé go mbíonn tuiscint an pháiste ar ORC agus Eitic bunaithe ar a smaointe agus ar a c(h)reideamh féin faoin domhan, is deis acu é freisin taithí a fháil ar chreidimh agus ar smaointe páistí eile.  Beidh páistí gníomhach i mbun dialóg idirchreidmheach, comhroinnfidh siad tuairimí faoin domhan agus cuirfidh siad chun cinn caidreamh agus cairdeas le páistí ó chúlra eile creidimh agus prionsabail chreidimh. Is comharthaí sóirt den idirghníomhaíocht dhaonna iad an t-easaontas agus an teannas agus dá réir sin cuirfidh an curaclam a mholtar d’ORC agus d’Eitic caoinfhulaingt ghníomhach chun cinn agus easaontas measúil le daoine a bhfuil dearcthaí contrártha acu. Trí mhachnamh a dhéanamh ar a gcreidimh agus ar a luachanna féin, agus cuid daoine eile, beidh meas ag páistí orthu féin agus ar dhaoine eile.

Cuirfidh rannpháirtíocht ghníomhach páistí in oideachas eitice lena bhfeasacht ar chastachtaí iompraíocht an duine agus cuirfidh sí le forbairt scileanna agus meonta a theastaíonn chun maireachtáil i sochaí ilchineálach agus chun cur léi ar bhealach atá dearfach. Forbróidh páistí caoinfhulaingt mheasúil ar an gceart atá ag duine chun creidiúint nó dearcadh áirithe a bheith acu; cothóidh siad mothálacht i leith éagsúlacht na reiligiún agus na gcreideamh atá ann mar ghné a chuireann le saibhreas na sochaí. Glacfaidh páistí páirt i gcumarsáid agus i ndialóg idir daoine ó chúlra difriúil cultúrtha, reiligiúnach agus neamhreiligiúnach agus spreagfaidh siad an chumarsáid sin. Cabhróidh siad sin le cur i gcoinne claontachta agus steiréitíopaí ar baic iad ar an dialóg idirchultúrtha (Comhairle na hEorpa, 2014, l. 4).

I bhfianaise an chur chuige shoch-chultúrtha seo, is gá machnamh a dhéanamh ar eispéireas an pháiste agus cruinneshamhlacha á dtabhairt isteach atá lasmuigh dá gcuid taithí. I dtaca le hEitic a theagasc, b'fhéidir gur chóir go leanfadh teagasc den chineál sin trí bhlianta uile na bunscoile; agus gurbh fhearr a d'oirfeadh teagasc scoite ORC don tréimhse ó lár go taobh sinsearach na bunscoile nuair a bhíonn braistint féiniúlachta agus chomhuintearais páistí bunaithe mar is ceart. Is ábhar machnaimh í an ghné sin i bhforbairt an churaclaim mholta d'ORC agus d'Eitic.

## 4. Aithneofar in ORC agus in Eitic ról a bheith ag múinteoirí i meonta páistí a chothú

I dtimpeallacht foghlama nach mbreathnaítear a thuilleadh ar pháistí mar thomhaltóirí neamhghníomhacha eolais ach mar rannpháirtithe gníomhacha agus mar chruthaitheoirí eolais, aithnítear ról lárnach a bheith ag an múinteoir i dtaca le meonta dearfacha a chothú sa seomra ranga. Léiríodh nuair a chothaítear meonta dearfacha is mó an seans go ndéanfaidh páistí gníomhaíocht arís agus mar sin de beidh siad ag forbairt scileanna agus ag fáil tuiscint agus eolas níos fearr. De réir a chéile, éiríonn páistí níos muiníní agus spreagtar iad chun foghlama astu féin (Hohmann agus Weikart, 1995). Léiríonn sé sin an idircheangailteacht a bhaineann le forbairt ar choincheapa, meonta agus scileanna agus tá impleachtaí aige do chleachtas sa seomra ranga agus do ról an mhúinteora.

Is eol dúinn nach dteagasctar meonta sa chiall fhoirmiúil den teagasc. Forbraíonn páistí meonta trí chaidreamh saibhir agus giniúnach a bheith acu le múinteoirí. Léiríodh go mbíonn meonta dearfacha chun foghlama ag páistí a fhoghlaimíonn go gníomhach agus, dá réir sin, go bhfeabhsaíonn timpeallacht ghníomhach agus spreagthach naisc néaracha a thacaíonn le foghlaim scileanna, sealbhú eolais agus tuiscint ar choincheapa níos faide ar aghaidh (Karr-Morse agus Wiley, 1997). Tá tionchar aige sin ar chleachtas an mhúinteora sa seomra ranga, rud a léiríonn a thábhachtaí agus atá

timpeallacht spreagúil, mheasúil chomh maith le himeachtaí gníomhacha bríocha a chuireann chun tosaigh meon dearfach i leith na foghlama.

Agus iad ag cothú meonta dearfacha do choincheapa ORC agus Eitice, is den tábhacht é go mbíonn múinteoirí ar an eolas faoina gcuid luachanna féin. Níl aon ábhar ná teagasc ann atá saor ó luachanna. Mar sin de, is gá do mhúinteoirí a bheith airdeallach faoina gcuid áitiús agus a gcuid creidiúintí féin agus faoin gcaoi a mbíonn tionchar acu sin ar a gcur chuige i dtaca leis an gcuraclam molta d'ORC agus d'Eitic a theagasc. Agus aird ar na deacrachtaí a bhaineann le curaclam ar bith a chur i láthair ar dhóigh a bheadh neamhchlaonta agus saor ó leatrom, is riachtanach mar sin féin go gcothaíonn an seomra ranga caidreamh slán, measúil agus cómhalartach a chuireann luach ar éagsúlacht idir páistí agus a chuireann cleachtas an chuimsithe chun cinn. Cinntíonn sé go léirítear meas ar chearta gach uile pháiste, go gcosnaítear agus go gcomhlíontar iad, agus tugtar cluas le héisteacht do ghuth gach uile pháiste. I mbeagán focal, is é a theastaíonn go mbeadh teagasc ORC agus Eitice '*oibiachtúil, criticiúil agus iolrach'* ó nádúr. (ODIHR, 2007, l. 68, 88, 104).

Cé gur gá do mhúinteoirí eolas a bheith acu ar na reiligiúin agus ar na creidimh éagsúla ina seomra ranga, ní gá dóibh a bheith ina saineolaithe ar chreidimh agus ar thraidisiúin dhifriúla. Sa chur chuige páistelárnach is gá don mhúinteoir a bheith ina éascaitheoir i bpróiseas foghlama an pháiste; éisteacht go héifeachtach agus dea-cheistiú i measc páistí a éascú. Nuair a thugtar an t-údarás do pháistí chun gnéithe de cheachtanna a threorú tríd an teagasc a cheangal lena n-eispéiris phearsanta reiligiúin agus chreidimh cruthaítear timpeallacht ina mbíonn múinteoirí agus páistí ina gcomhpháirtithe san oideachas. Tá sé tábhachtach fanacht neamhchlaonta, cóir, cothrom agus neamhbhreithiúnach. Agus iad ag plé lena gcuid 'neamhfheasachta' i leith reiligiún, creideamh agus cultúr, is comh-fhoghlaimeoirí iad na múinteoirí sa dinimic seo, agus cothaíonn siad meon na neamhchlaontachta agus na solúbthachta.

Éilíonn sé sin cuid mhór ar fhéinéifeachtúlacht, eitic ghairmiúil, eolas agus scileanna an mhúinteora. tá an dúshlán ann freisin do mhúinteoirí a bheidh i mbun cláir shainchreidmheacha agus cláir mhúnlú creidimh a theagasc ar thaobh amháin; agus, ar an taobh eile, ag teagasc faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh a chothaíonn peirspictíocht iolrach. Níl dabht ar bith ná go léiríonn sé sin an gá le hoiliúint múinteoirí agus tacaíocht leanúnach do ghairmithe leis na dúshláin sin a shárú.

## 5. Léireoidh ORC agus Eitic oideolaíocht atá páistelárnach

Ar aon dul le curaclam '99 (ROS, 1999) agus le hAistear (CNCM, 2008), aithnítear in ORC agus in Eitic cumas an pháiste chun a bheith idirghníomhach i bpróiseas an oideachais agus é a mhúnlú i gcomhpháirt leis an duine fásta. In oideolaíocht pháistelárnach, bíonn ról an éascaitheora ag

múinteoirí i bpróiseas foghlama an pháiste, ag cur caoinfhulaingt agus glacadh chun cinn, ag cothú measa, ag spreagadh plé agus ag cur cuireadh ar an bpáiste a bheith rannpháirteach i bpróiseas an oideachais. Cé gur tábhachtach go mbíonn eolas ar inneachar acu, tá ról nach beag ag teicnící idirghníomhacha amhail plé, díospóireacht, taighde, grúpobair, obair thionscadail, drámaíocht agus comhfhoghlaim.

Is cosúil go n-oirfeadh oideolaíochtaí a bhíonn ar bhonn fiosraithe agus tógachaíoch, agus a chuireann luach ar fhiosrúchán fealsúnachta le páistí, go n-oirfeadh siad don chineál sin teagaisc. Is cosúil go ndéanann na modhanna sin príomhghnéithe an staidéir ar reiligiún, creideamh agus eitic a shintéisiú agus a chothromú do pháistí, agus téann siad níos faide ná cuir chuige thuairisciúla nó dheoranta. Trí na hoideolaíochtaí seo cónasctar an fhoghlaim faoi reiligiúin, creidimh agus eitic leis an bhfoghlaim a dhéantar tríothu, agus de thoradh a rannpháirtíochta sa phróiseas sin bíonn tuiscint níos fearr ag páistí orthu féin agus ar dhaoine eile.

Léiríonn taighde agus forbairt an nádúr cultúrtha agus sóisialta a bhaineann le foghlaim páistí ina bhfoghlaimíonn páistí, ní ina n-aonair, ach i gcuideachta agus laistigh dá dteaghlach, comharsanacht agus pobal (French, 2007). Trí na caidrimh éagsúla sin, foghlaimíonn páistí faoin domhan agus ón domhan s’acu. Tá muinín, meas, grá agus cúram i gcroílár na gcaidreamh a chuireann ar chumas páistí fás, foghlaim agus forbairt. Aithnítear sa pheirspictíocht shoch-chultúrtha seo an ról lárnach a bhíonn ag an idirghníomhaíocht shóisialta i múnlú na foghlama. Aithnítear i dteoiricí soch-chultúrtha freisin gur cuid lárnach den fhoghlaim iad an cultúr agus tionchair chultúrtha. Is féidir le curaclam ORC agus Eitice dul i ngleic leis an gcur chuige soch-chultúrtha, ag cothú caidrimh múinteoir-le- paiste agus páiste-le- páiste i spás comhroinnte an tseomra ranga.

Is oideolaíocht oiriúnach é le haghaidh ORC an Cur Chuige Léirmhínitheach (Jackson, 1997) don Oideachas Reiligiúnach. Is oideolaíocht é sin a chuimsíonn cuir chuige thógachaíocha[3] agus cuir chuige ar bhonn fiosraithe le cur chuige ina bhfoghlaimítear ón reiligiún. Tá an cur chuige seo cáinteach ar léiriúcháin shimplí den chaidreamh idir reiligiún agus cultúr ina léirítear reiligiúin agus cultúir mar rudaí atá aonchineálach agus scartha óna chéile.

Áirítear trí ghné sa chur chuige seo:

1. **Léiriúchán**

   Cuirtear síos ar reiligiúin agus ar chreidimh i dtéarmaí an chaidrimh idir daoine aonaracha i gcomhthéacs grúpaí ar leith agus traidisiúin reiligiúnacha níos leithne. Cuireann staidéar ar

[3] Maíonn cuir chuige thógachaíocha i leith an oideachais go ngineann páistí eolas agus brí ó idirghníomhaíochtaí idir a gcuid eispéireas agus a gcuid smaointe.

dhaoine aonaracha i gcomhthéacs na ngrúpaí éagsúla lena mbaineann siad, cuireann sé le tuiscint éiritheach ar thraidisiúin reiligiúnacha. Ag an am céanna, tugtar samplaí de na príomhchoincheapa ó na reiligiúin agus cuirtear beocht iontu trí shamplaí ar leith creideamh agus cleachtas reiligiúnach a chur san áireamh. Agus i dtaca le hoideolaíocht de sa chur chuige áirithe seo, is cuma cé acu a thosaíonn tú le forbhreathnú ar phríomhchoincheapa ó thraidisiún, scéal pearsanta (bíodh sé ó chuairteoir chun na scoile nó ó fhoinse eile), staidéar ar ghrúpa de chineál éigin, nó réamheolas agus eispéiris páistí iad féin (lena n-áirítear a dtaithí féin ar chleachtas reiligiúnach nó gan aon reiligiún a bheith ina saol féin).

**2. Léirmhíniú**

In áit a bheith ag iarraidh ar pháistí a gcuid toimhdí a fhágáil ar leataobh, éilíonn an modh seo comparáid agus contrárthacht idir coincheapa an pháiste agus cuid an *'té atá ar an taobh istigh'*. Tá gluaiseacht anonn agus anall idir coincheapa agus eispéiris an pháiste agus cuid an '*té ar an taobh istigh'* i gceist leis an gcur chuige seo. Is gá don pháiste a bheith mothálach agus é ag dul i mbun plé leis an '*té ar an taobh istigh'* agus is réamhchoinníoll riachtanach don chomhbhá é.


**3. Machnamhacht**

Chun tuiscint níos fearr a fháil, is gá do pháistí a bheith ag machnamh ar thionchar na foghlama nua ar an bhfoghlaim a rinneadh cheana. Sa chur chuige seo, bíonn an páiste idirghníomhach sa phróiseas foghlama. Cuimsíonn machnamhacht gnéithe éagsúla den chaidreamh idir eispéiris daltaí agus a n-eispéiris siúd a bhfuil siad ag iarraidh a saol a léirmhíniú. Is í an aidhm machnamh agus critic chuiditheach a spreagadh chun guth a bheith ag páistí a thugann deis dóibh léargas a fháil óna gcuid comhghleacaithe agus a bheith ar a gcumas iniúchadh a dhéanamh ar leaganacha difriúla den fhírinne a bhíonn le brath laistigh den seomra ranga.

I réimse na heitice, b'fhéidir gur oideolaíocht oiriúnach í cur chuige na foghlama gníomhaí, ina mbreathnaítear cásanna ón bhfíorshaol agus ina gcuirtear eolas criticiúil agus tuiscint ar chearta an duine chun cinn, agus ina moltar san am céanna cur chuige reamhghníomhach i dtaca le maireachtáil i sochaí dhaonlathach. In éineacht le peirspictíocht iolrach, cuirfidh an cur chuige oideolaíochta seo páistí i dteagmháil le ceisteanna eiticiúla óna bpeirspictíocht féin, agus san am céanna machnóidh siad ar pheirspictíocht daoine eile. Déanfaidh na páistí díospóireacht, imscrúdú, samhlú, tuar, taifead agus anailís chriticiúil ar theannais eiticiúla a d'fhéadfadh tarlú agus iad ag maireachtáil i sochaí ilchineálach.

Tugtar i bhFíor 3 thíos, mionsonraí ar roinnt modhanna molta teagaisc agus foghlama d'ORC agus d'Eitic araon.

**Fíor 3: Modhanna molta teagaisc agus foghlama in ORC agus in Eitic**




Is spléachadh tosaigh ar na féidearthachtaí do churaclam ORC agus Eitice iad na cuir chuige agus na modhanna a dtugtar breac-chuntas orthu thuas agus tá taithí ag a lán múinteoirí agus páistí orthu cheana.

# Cuir chuige i leith Forbairt Churaclaim

Ní ag tosú as an nua atáimid agus curaclam ORC agus Eitice á thabhairt isteach againn. Tá forbairt an churaclaim sa réimse seo ag tarlú i gcuideachta athruithe eile i gcuraclam na bunscoile ag tosú le curaclam nua do Theangacha agus do Mhatamaitic, agus forbairt Chreatchuraclam nua Bunscoile. Ceann de na príomhthosaíochtaí in athbhreithniú curaclaim sna réimsí sin is ea an gá le díriú ar ró-ualach curaclaim agus i ndeireadh na dála é a laghdú.

Mar sin de tá tábhacht mhór leis an gceist cén cruth a bheidh ar an gcuraclam seo. An mbeidh ORC agus Eitic ina réimse curaclaim, amhail Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE), agus ábhair a bhaineann le ORC agus le hEitic faoina scáth? An mbeidh ORC agus Eitic faoi scáth réimse eile curaclaim, darb ainm b'fhéidir 'Folláine' nó 'Féiniúlacht agus Muintearas', agus ábhair eile amhail Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte (OSPS) ag cur leis an réimse curaclaim? An mbeidh ORC agus Eitic ina dhá n-ábhar leithleacha, le dhá réasúnaíocht, dhá shraith aidhmeanna agus dhá riar torthaí foghlama? Nó an mbeidh ORC agus Eitic ina gcreat, amhail Aistear nó an tSraith Shóisearach, a leagann amach torthaí leathana foghlama ina mbeidh solúbthacht ag scoileanna chun an curaclam a stiúradh? Is é an comhairliúchán seo a dhéanfaidh eolas do na freagraí ar na ceisteanna tábhachtacha sin agus treoróidh na freagraí sin obair na meithle forbartha don churaclam molta.

*Leithdháileadh ama do churaclam ORC agus Eitice*


Is ceist í ar gá machnamh uirthi i gcás forbairt churaclaim in ORC agus in Eitic, an chaoi a roinnfear an t-am i rith an lae scoile. Luadh in athbhreithnithe curaclaim (CNCM, 2010, l. 16) gur fadhb é an curaclam a bheith ag leathnú mar atá agus bhí sé le maíomh ag múinteoirí go bhfuil an iomarca ábhar (CNCM 2005; 2008a) i gCuraclam na Bunscoile (ROS, 1999). Déantar tagairt dó sin sa Straitéis Náisiúnta, Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol:

> *Deir múinteoirí agus príomhoidí nach bhfuil dóthain ama acu chun tabhairt faoi na cuspóirí uile atá i gCuraclam na Bunscoile agus d'fhéadfadh na réimsí foghlama nua seo an cumas atá iontu na príomhscileanna ar nós na litearthachta agus na huimhearthachta a theagasc a chur i gcontúirt. (ROS, 2011, l. 49)*

Lena chois sin, mar chuid den straitéis, is gá don CNCM sa bhliain 2016 comhairle a chur ar an Aire i dtaca le roinnt an ama mar atá sé leagtha amach i gCuraclam na Bunscoile '99. Tá an CNCM ag machnamh ar a gcomhairle ina thaobh sin agus beidh sí sin faoi anáil taighde sa réimse amhail *'Folláine agus Eispéiris Scoile i measc daltaí 9- agus 13 bliana déag d'aois: Léargais ón Staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn'* (Smyth, 2015), *'Struchtúir agus Céimeanna Curaclaim sa Bhunoideachas: Iniúchadh ar Bheartas Trasna Dlínsí'* (FNTO, 2014), *'Seomra Ranga na Bunscoile: Léargais ón Staidéar Ag Fás Aníos in Éirinn'*

(McCoy et al, 2012) agus '*Ró-ualach Curaclaim i mBunscoileanna: Eispéiris agus machnamh ón Suíomh Gréasáin Foghlama'* (CNCM, 2010). Cuirfidh an CNCM san áireamh freisin na forbairtí i gcuraclam na bunscoile atá ar siúl cheana eadhon Curaclam nua Teangacha, Curaclam nua Matamaitice agus forbairt Chreatchuraclam nua Bunscoile.

**Fíor 4: Gnéithe i dtaca le leithdháileadh ama trasna Churaclam na Bunscoile**




Is fiú a mheabhrú sa chomhthéacs seo conas is féidir curaclam a fhorbairt d'ORC agus d'Eitic agus a chinntiú go ngineann sé athruithe suntasacha sa seomra ranga, gan cur le ró-ualach an churaclaim chéanna. Caithfidh an chomhairle a thabharfar ar leithdháileadh ama a bheith bunaithe ar thaithí na múinteoirí agus san am céanna chaithfí eispéiris foghlama chuí a chur san áireamh do gach uile pháiste trasna an churaclaim. Is ar mhaithe le díospóireacht a leagtar amach na cuir chuige seo thíos agus fáiltítear roimh aiseolas ar an gcaoi a mbeidh ORC agus Eitic fite fuaite i struchtúr an churaclaim reatha.

## Cuir chuige i leith Forbairt Churaclaim d'ORC agus d'Eitic a fhiosrú

Chun forbairt an churaclaim d'ORC agus d'Eitic a fhiosrú i gcuraclam na bunscoile, leagtar amach thíos ceithre chur chuige, mar seo a leanas:

- ORC agus Eitic mar chuid de chlár an phátrúin
- ORC agus Eitic fite fuaite trasna réimsí an churaclaim
- ORC agus Eitic mar churaclam scoite
- ORC agus Eitic ina bhfuil comhpháirteanna scoite agus comhtháite araon

1. *ORC agus Eitic mar chuid de chlár an phatrúin*

Tá féidearthachtaí móra ann go mbeadh naisc ann idir an inneachar reatha do reiligiún, córais chreidimh agus eitic i gcláir na bpatrún agus inneachar an churaclaim d'ORC agus d'Eitic. I dtaca le ORC de, is forbairtí suntasacha iad na tagairtí do '*reiligiúin dhomhanda'*, '*dialóg idirchreidmheach'* agus le deireanas, coincheap na '*litearthachta reiligiúnaí'*, i gcláir roinnt patrún. Mar a chéile, is féidir an bhéim ar oideachas carachtair, noirm agus dearcthaí morálta i gcláir pátrúin eile a nascadh go díreach le curaclaim in Eitic. Mar sin féin, cé go mbaineann siad go soiléir le hinneachar reiligiúnach agus morálta i gcláir patrúin, is féidir argóint a dhéanamh ar roinnt cúiseanna an méid is cóir ORC agus Eitic a mheas ina réimse leithleach agus scartha curaclaim agus oideolaíochta:

- Is féidir ORC agus Eitic a bhunú ar eipistéimeolaíocht go hiomlán éagsúil ó chláir roinnt patrún, a mbíonn a mbunús bunaithe ar rud ar a dtugtar go traidisiúnta eipistéimeolaíocht[4] '*réalaíoch'*. I gcodarsnacht leis sin, is féidir ORC agus Eitic a bheith bunaithe ar eipistéimeolaíocht iolrach, criticiúil agus ar bhonn fiosraithe. I gcuir chuige ar bhonn fiosraithe, spreagtar foghlaim trí fhiosrúchán agus tá an cur chuige foghlaimeoirlárnach, óir spreagtar foghlaimeoirí chun a bheith gníomhach agus féintreoraithe. Leagann an cur chuige seo béim ar neamhspleáchas san fhoghlaim agus sa tuiscint. Cé go gcruthaítear formhór chlár na bpatrún trí 'lionsa an chreidimh', is féidir go mbeadh curaclam náisiúnta in ORC agus in Eitic bunaithe ar eipistéimeolaíocht níos iolraí agus a dhéanann iniúchadh ar chreidimh agus ar chreidiúintí difriúla gan peirspictíocht amháin faoi leith a chur chun cinn thar an gceann eile.
- Sa mhéid is go bhforbrófar ORC agus Eitic ó eipistéimeolaíocht ar bhonn fiosraithe, tá impleachtaí ann freisin do na hoideolaíochtaí a úsáidfear, mar shampla an cur chuige léiritheach d'ORC a luadh cheana. Beidh na hoideolaíochtaí a úsáidtear in ORC agus in Eitic éagsúil leis na hoideolaíochtaí reatha a úsáidtear i gclár roinnt patrún, mar a luadh cheana féin sa rannán roimhe seo.
- Cé go ndéanann cláir patrún cuid mhaith tagairtí d'inneachar moráltachta agus eiticiúil, forbraítear iad sin ó pheirspictíocht an chreidimh i scoileanna sainchreidimh. Mar

[4] Is é a mhaítear le heipistéimeolaíocht réalaíoch go bhfuil rochtain dhíreach againn ar réada an domhain, sa chaoi go mbíonn ár léiriú ar réada go díreach ar nós na réad sin iad féin. Caitear anseo leis an intinn mar ghabhálaí éighníomhach den domhan a fhaigheann sonraí ó réada mar atá siad agus ansin a thugann tuairisc orthu gan teip gan cheist gan cheastóireacht.

mhalairt air sin, tá sé i gceist go mbeadh inneachar moráltachta agus eitice an churaclaim a mholtar d'ORC agus d'Eitic bunaithe ar pheirspictíocht iolrach agus ar chearta an duine. Sa chaoi sin, cuimseoidh curaclam d'ORC agus d'Eitic gach uile pháiste beag bean ar a dtraidisiún creidimh.


- Is ábhar áirithe imní í freisin go bhfuil páistí ann a 'roghnaíonn gan a bheith páirteach' i gclár an phátrúin ar bhonn coinsiasa. Dá mbeifí le hinneachar ORC agus Eitice a chomhtháthú i gclár an phátrúin, is féidir go mbeadh na páistí sin ag cailleadh amach go leanúnach ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim luachmhar seo. Dá bharr sin ba chosúil nárbh éifeachtach an rud é ORC agus Eitic a chomhtháthú leis na cláir sin.

2. *ORC agus Eitic fite fuaite trasna réimsí an churaclaim*

Tá féidearthachtaí ann go ndéanfaí inneachar ó ORC agus Eitic a chomhtháthú trasna an churaclaim. Mar a luadh thuas, tá cás le déanamh maidir le nascacht idir cláir Oideachas Reiligiúnach atá i scoileanna faoi láthair agus an curaclam a mholtar d'ORC. I measc réimsí eile curaclaim atá ceangailte go dlúth leis sin, áirítear Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) agus tá féidearthachtaí ann le haghaidh comhtháthaithe trasna na réimsí uile, ní hamháin i dtéarmaí inneachair ach freisin i dtéarmaí oideolaíochtaí freisin. Mar shampla, tá gach cuma air go mbeadh oideolaíocht na drámaíochta an-oiriúnach chun topaicí in ORC agus in Eitic a fhiosrú.

Tá naisc shoiléire idir ceithre théama Aistear (CNCM, 2009) agus an t- inneachar atá molta d'ORC agus d'Eitic freisin. Léiríonn an fíor thíos na naisc atá ag an gcuraclam molta d'ORC agus d'Eitic trasna agus laistigh d'ábhair churaclam '99 agus téamaí Aistear.

**Fíor 4: Naisc idir ORC agus Eitic agus réimsí agus téamaí curaclaim Aistear**




Mar sin féin, tá contúirt ann, mura mbíonn i gceist leis ach inneachar comhtháite amháin, go mb'fhéidir gur deacair ag ORC agus ag Eitic an tionchar a bheith aige chun athrú suntasach a dhéanamh i scoileanna; faoi mar a luadh sna haidhmeanna ginearálta ar leathanach 13 den pháipéar seo.

Má tá an curaclam le dul chun tairbhe do shaol páistí i scoileanna na hÉireann, b'fhéidir gur gá tús áite a thabhairt i spás an churaclaim do na hathruithe suntasacha atáthar a mholadh, agus curaclam d'ORC agus d'Eitic á thabhairt isteach. Cé go gcabhróidh sé le tuiscint iomlánaíoch an ábhair naisc a dhéanamh le hinneachar ORC agus Eitice ó réimsí eile curaclaim, is éadóiche go mbeidh tionchar mór ag baint le comhtháthú inneachar ORC agus Eitice amháin ar chleachtas an teagaisc ná ar eispéiris foghlama na bpáistí sa mhéid sin.

3. *ORC agus Eitic mar churaclam scoite*

Sa chur chuige seo, aithnítear an gá atá ag gach páiste teagasc in ORC agus in Eitic a bheith acu. Dearbhaíonn sé arís an moladh atá luaite thuas, cé go bhfuil naisc shoiléire idir é agus inneachar reiligiúnach agus moráltachta i gcláir patrún, gur chóir go nglacfaí le curaclam ORC agus Eitice mar réimse ar leith curaclaim agus oideolaíochta nó mar chreat, laistigh de Churaclam an Stáit.

Is féidir argóint a dhéanamh ar son an chuir chuige sin mar seo a leanas:

- Is féidir le ORC agus le hEitic a bheith bunaithe ar eipistéimeolaíocht ar bhonn fiosraithe, ag fiosrú reiligiúin, creidimh agus cruinneshamhlacha difriúla gan a bheith ag cur

peirspictíocht chreidimh amháin chun tosaigh seachas ceann eile. I gcás fhormhór na mbunscoileanna, ciallaíonn sé sin cur chuige nua chun reiligiún, creideamh agus eitic a fhorbairt ata éagsúil le rud ar bith a bhí ann roimhe seo.

- Ina theannta sin in oideachas múinteoirí, i gcoláistí áirithe, forbraíodh curaclam Eitice agus Oideachais (lena n-áirítear ORC) d'ábhair múinteoirí mar thoradh ar mholtaí ó Thuarascáil an Fhóraim (Coolahan et al, 2012). Sa chás seo, forbraíodh an curaclam in oideachas reiligiúnach eiticiúil agus comparáideach mar churaclam neamhspleách, go hiomlán éagsúil ó churaclaim reiligiúnacha chreideamhbhunaithe oideachas múinteoirí. Is cosúil gur fasach úsáideach é seo chun curaclam ORC agus Eitice neamhspleách a fhorbairt do pháistí bunscoile.

Tagann an cur chuige seo i leith fhorbairt an churaclaim ón ngá atá leis an soláthar seo i scoileanna ar na mallaibh. Ar bhonn idirnáisiúnta, tá an méid sin ag teacht le dea-chleachtas san oideachas, ag tagairt siar do Threoirlínte Toledo ar Theagasc Reiligiún agus Creidimh (ODIHIR, 2007) agus don bhéim le déanaí ar '*litearthacht reiligiúnach'* agus do choincheap na '*foghlama ó reiligiún'* (seachas '*foghlaim faoi reiligiún'* go díreach).

4. ORC agus Eitic ina bhfuil comhpháirteanna scoite agus comhtháite araon

Is ceist thábhachtach í sa chomhthéacs seo ORC agus Eitic a bheith á scaradh ina dhá réimse oideachais chomhlántacha ach scoite. Is féidir an cheist a fhreagairt cé acu is cóir ORC agus Eitic a chomhtháthú trasna an churaclaim nó iad a bheith mar dhá shonraíocht ar leith, is féidir í a fhreagairt ach ORC agus Eitic a mheas ar bhonn scartha.

- Mar shampla, b'fhéidir gurbh fhiú comhpháirt ORC an churaclaim a choimeád ina sonraíocht ar leith, ós cosúil go bhfuil a hinneachar agus a cuir chuige ar leith féin aici. Aithnítear leis sin an gá atá le soláthar náisiúnta den sórt sin teagaisc i mbunscoileanna na hÉireann, soláthar a bhí in easnamh san am a caitheadh.

- Is féidir Eitic a shuíomh laistigh de réimsí curaclaim nó tharstu, agus naisc a dhéanamh le snáitheanna agus le haonaid atá in ábhair cheana. Aithnítear sa chur chuige seo soláthar teagasc eiticiúil trasna mórán réimsí den churaclam. Tarlaíonn a lán foghlaim eiticiúil le linn OSIE a theagasc, ach faightear í freisin trasna a lán ábhar mar shampla i dTíreolaíocht agus an snáithe *'Feasacht agus Aire Imshaoil'* a bheith á theagasc.

- B'fhéidir, dá ndéanfaí comhpháirt na hEitice a chomhtháthú, go gcuirfeadh sé leis an seans go ndíreofaí aird ar an gcineál sin teagaisc mar rud atá tábhachtacha do gach réimse curaclaim agus ní go díreach le linn snáitheanna agus aonaid ar leith. Dá dtabharfaí teagasc Eitice chun tosaigh i

réimsí curaclaim, chuirfí béim ar an ngá chun dearcthaí eiticiúla a chothú ag gach am le linn an lae scoile.

Ísleoidh an cur chuige seo tionchar an churaclaim ar ró-ualach múinteoirí agus freisin ar an am a theastaíonn chun an curaclam nua a theagasc.

Níl na ceithre chur chuige a cuireadh i láthair thuas in ainm a bheith uileghabhálach ar na roghanna atá ar fáil le haghaidh forbairt churaclaim in ORC agus in Eitic. Faoi mar a achoimríodh níos luaithe, is tríd an bpróiseas comhairliúcháin seo a chuirfear bonn eolais faoi na ceisteanna cé acu a fhorbróidh ORC agus Eitic ina réimse curaclaim ann féin, nó mar chuid de réimse curaclaim, nó mar dhá ábhar, nó mar chreat do scoileanna.

# Focal scoir

Briseann an fhorbairt churaclam seo in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic talamh úr i gcóras oideachais na hÉireann. Is minic a bhíonn dúshlán ag baint le hathrú curaclaim i gcomhthéacs ar bith, agus éilíonn sé a lán caibidle chun a chinntiú go dtagann ann don athrú cuí. Leis an bplé reatha maidir le pátrúnacht scoile agus le cúrsaí rogha inár gcóras oideachais, ardaítear ceisteanna íogaire breise sa mhullach ar ghnáthchur agus cúiteamh na ndíospóireachtaí faoi athrú curaclaim in Éirinn. Cé go n-aithnítear na ceisteanna leathana córasacha sin, ta fócas an chomhairliúcháin seo ar churaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic.

Tá forbairt an churaclaim mholta dírithe ar an méid is cóir do pháistí a fhoghlaim sa bhunscoil agus cad chuige. Cuireann an páipéar seo doiciméad i láthair a chabhróidh le páistí braistint féiniúlachta agus chomhuintearais a chothú trí fhorbairt a dhéanamh ar a bhféinfheasacht, féinmhuinín, féinmheas agus, ar deireadh a sonas. Cabhraíonn an curaclam a thugtar anseo le páistí an tuiscint a fhorbairt go bhfuil ceart ag duine creideamh nó tuairim áirithe a bheith acu; a bheith tuisceanach i leith ilchineálacht reiligiúin agus creidiúintí daoine eile agus a aithint an méid a chuireann an ilchineálacht sin le saibhreas comhphobal. Cuireann an curaclam ar chumas páistí freisin dul i gceann cumarsáide agus dialóige, agus í a chur chun cinn, idir daoine ó chúlraí difriúla cultúir, reiligiúnacha agus neamhreiligiúnacha; agus cur i gcoinne na claontachta agus na n-éifeachtaí is measa steiréitíopála. Cabhraíonn forbairt na scileanna sin le páistí teacht ar thuiscint níos doimhne orthu féin, a ndomhan agus a n-ionad ann; agus ag an am céanna cur go dearfach lena gcomhphobail féin.

Beidh an comhairliúchán ar na moltaí le haghaidh curaclaim in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus in Eitic beidh sé ar siúl ón bhfómhar go dtí an tEarrach in 2016. Glacann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta le haighneachtaí scríofa, ceistneoirí comhlánaithe agus tuairimí a thugtar le linn ár n-imeachtaí comhairliúcháin; a dhéanfar a fhógairt ar ár suíomh gréasáin. Chun tuilleadh a fháil amach ar an gcaoi le hionchur a bheith agat téigh ar cuairt chuig www.ncca.ie/ga/comhairliúchan/orce.

# Tagairtí

Coolahan, J., Hussey, C., Kilfeather, F. (2012). An Fóram faoi Phátrúnacht agus Iolrachas san Earnáil Bhunscoile. Tuairisc Ghrúpa Comhairliúcháin an Fhóraim. Ar fáil ar líne: www.education.ie.

Comhairle na hEorpa. (2014). Signposts-Policy and practice for teaching about religions and non-religious world views in intercultural education. Strasbourg, Cedex.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). Curaclam na Bunscoile: Intreoir. BÁC: Foilseacháin an Rialtais. http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Intro_Eng.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2006). Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil: Treoirlínte do Scoileanna. BÁC: Foilseacháin an Rialtais.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2011). Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol: An Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Dhaoine Óga. BÁC: Foilseacháin an Rialtais.

French, G. (2007). Children's Early Learning and Development. Taighde coimisiúnaithe ag CNCM. Achoimre an Fheidhmeannaigh. BÁC.
http://www.ncca.ie/en/curriculum_and_assessment/early_childhood_and_primary_education/early_childhood_education/how_aistear_was_developed/research_papers/early_learning_and_dev_summary.pdf

Grayson, H., O'Donnell, S. agus Sargent, C. (2014a). Key Findings Summary: Education about Religions and Beliefs and Ethics in Primary Education. Slough: Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais.

Grayson, H., O'Donnell, S. agus Sargent, C. (2014b). Curriculum Structures and Stages in Primary Education: Audit of Policy Across Jurisdictions. Slough: Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais.

Grimmitt, M. (2000). Constructivist pedagogies of religious education project: re-thinking knowledge, teaching and learning in Religious Education. M. Grimmitt (ed.). Pedagogies of Religious Education: case studies in the research and development of good pedagogic practice in RE, lgh. 207-227. Great Wakering: McCrimmon.

Hull, J. (2001). The contribution of Religious Education to Religious Freedom: A Global Perspective, in IARF. (ed) .(2001). Religious Education in Schools: Ideas & Experiences from around the World (Londain) 1-8.

Cumann Múinteoirí Éireann (2003). Teaching Religion in Primary Schools-Issues and Challenges. BÁC.

Jackson, R. (1997). Religious Education: An Interpretive Approach. Londain: Hodder and Stoughton.

McCoy, S., Smyth, E., Banks, J. (2012). The Primary Classroom: Insights from the Growing Up in Ireland Study. An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

McGrady, A. (2013) Teaching Religion: Challenges and Opportunities for Educational Practice in a Pluralist Context. Mar ar tagraíodh dó in Towards Mutual Ground. Columba Press: BÁC.

CNCM (2005). Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile: Céim 1 (Béarla, Mínealaíona, Matamaitic). BÁC. CNCM.
http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Primary_Curriculum_Review,_Phase_1_Final_Report_with_recommendations.pdf

CNCM (2007a). Treoirlínte do mhúinteoirí daltaí le mion-mhíchumais ghinearálta foghlama. BÁC. CNCM. http://www.ncca.ie/SEN/ncca_launch.htm

CNCM (2007b). Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna. BÁC: CNCM. http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary_School_Curriculum/Assessment/Assessment_Guidelines/

CNCM (2008). Athbhreithniú ar Churaclam na Bunscoile: Céim 2 (Gaeilge, Eolaíocht, OSPS). BÁC: CNCM. http://www.ncca.ie/en/Publications/Reports/Primary_Curriculum_Review,_Phase_2_Final_report_with_recommendations.pdf

CNCM (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-óige agus Curaclam na Bunscoile. Iniúchadh: Cosúlachtaí agus Difríochtaí. BÁC: CNCM. http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Early_Childhood_Education/Aistear_Toolkit/Aistear_and_PSC_audit.pdf

CNCM (2010a). Ró-ualach curaclaim i mBunscoileanna: Forbhreathnú ar Eispéiris Náisiúnta agus Idirnáisiúnta BÁC: CNCM. http://www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary_School_Curriculum/PSN_Curriculum_Overload/Overview_national_international_experiences.pdf

Norman, J. (2003). Ethos and Education in Ireland. Nua Eabhrac: Peter Lang.

Smyth, E. (2015). Wellbeing and School Experiences among 9- and 13-Year-Olds: Insights from the Growing Up in Ireland Study. BÁC: CNCM. www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary-Education/Review_and_Research/FR.pdf

The Office for Democratic Institutions and Human Rights, ODIHR (2007). Prionsabail Threoracha Toledo maidir le teagasc faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh i Scoileanna Poiblí. An Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, Vársá.

# Aguisín 1: Gluais

Cruthaíodh an nóta seo ar théarmaíocht chun soiléiriú a thabhairt ar théarmaí tábhachtacha a úsáideadh sa pháipéar seo a bhaineann le hOideachas Reiligiúnach, Eitic agus pátrúnacht i mbunscoileanna. Ar aon dul le Tuarascáil an Fhóraim ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na Bunscoile (Coolahan et al, 2012), tá sé mar aidhm ag na míniúcháin soiléiriú a thabhairt agus litearthacht reatha sa réimse a léiriú, agus a bheith aireach fós ar na híogaireachtaí a bhaineann leis.

**Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach:** Is ionann é sin agus oideachas ina mbíonn foirmiú i gcóras creidimh. Baineann foirmiú creidimh le bheith ag foghlaim conas saol a chaitheamh de réir treoracha reiligiúnacha. Baineann sé freisin le modhanna machnaimh, foirmiú luachanna, gníomhú morálta agus imeascadh i bpobal creidimh i bhfianaise creideamh reiligiúnach amháin. Cuimsíonn sé an téarma bunreachtúil agus dleathach 'teagasc reiligiúnach' a meastar a chomhshonrú a bheith teoranta anois ó thaobh na hoideolaíochta, ach a úsáideadh go forleathan san am a caitheadh.

**Pátrúnacht Shainchreidmheach:** Is faoi Phátrúnacht ghrúpa aonchreidmheach a bhíonn an scoil shainchreidmheach. Cuireann scoileanna sainchreidmheacha Oideachas Reiligiúnach ar fáil de réir traidisiún, cleachtais agus creidimh an tsainphobail chreidimh. Is féidir go gcuirfidh siad oideachas níos leithne ar reiligiúin ar fáil freisin nó cabhrú le tuismitheoirí ó thraidisiúin eile chreidimh a chur ar a gcumas freastal ar Oideachas Reiligiúnach ina gcóras creidimh laistigh den scoil nó sa bhaile.

**Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC):** Cabhraíonn ORC le daltaí eolas agus tuiscint a bheith acu ar oidhreacht chultúrtha na bpríomhchineálacha reiligiún, traidisiúin chreidimh agus cruinneshamhlacha a ghabh an cine daonna chuige féin. Ní dhíríonn sé ar chóras ná ar chleachtas creidimh a chothú i leith reiligiún amháin ar bith, ina ionad sin díríonn sé ar fheasacht eolasach a chothú ar na príomhchreidimh dhiacha, neamhdhiacha agus shaolta lena n-áirítear príomhghnéithe a léirithe cultúrtha. Féachann ORC chuige go gcothaítear meas ar dhaoine a bhfuil a leithéid sin de reiligiún, creideamh agus cruinneshamhail acu, agus go gcothaítear tuiscint dóibh agus dáimh leo.

**Oideachas Eitice:** Áiríonn teagasc na heitice foirmiú i dtiomantas pearsanta i leith dhínit agus shaoirse gach uile dhuine, agus an tiomantas sin a spreagadh, tábhacht chearta an duine agus a fhreagrachtaí, áit na córa sa tsochaí, agus freastal ar an leas coiteann. Is gnéithe iad sin ar fad atá bunriachtanach don oideachas don tsaoránacht agus d'fheidhmiú cuí an daonlathais. Is rud tábhachtach do chách foghlaim faoi chúrsaí eitice ach is rud fíorlárnach é i bhforás an duine go bhforbrófaí modhanna iompar eiticiúil.

**Éiteas:** Go foirmiúil, is féidir éiteas a áireamh mar léiriú ar aidhmeanna, spriocanna, cuspóirí, luachanna agus creidimh institiúide, a mbíonn an scoil ag tnúth leis, a n-aontaíonn sí leis agus a chaomhnaíonn sí. Leagann éiteas béim freisin ar shraith luachanna agus creidimh a leagtar síos a bheith á nochtadh do gach duine laistigh d'eagraíocht agus iad a bheith á dtumadh iontu gan teip. Sa chomhthéacs sin, léirmhínítear éiteas scoile mar 'atmaisféar a eascraíonn as idirghníomhú roinnt gnéithe de shaol scoile, lena n-áirítear, teagasc agus foghlaim, bainisteoireacht agus ceannaireacht, úsáid íomhánna agus siombailí, deasghnátha agus cleachtais, chomh maith le spriocanna agus ionchais' (Norman, 2003).

**Pátrúnacht idirchreidmheach:** Cuirtear síos ar scoil mar scoil idirchreidmheach má bhíonn sí faoi phátrúnacht nó faoi iontaobhaíocht níos mó ná pobal creideamh reiligiúnach amháin, faoi éiteas roinnte reiligiúnach Caitliceach/Protastúnach de ghnáth (INTO, 2003). Bíonn baint ag baill an dá chreideamh le bunú na scoileanna, agus teagasctar cláir oideachas reiligiúnach an dá chreideamh freisin. Tá roinnt scoileanna ann atá faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta agus a chuireann éiteas idirchreidmheach ar fáil.

**Pátrúnacht ilchreidmheach:** Seasann scoileanna ilchreidmheacha le comhionnanas creidimh, bíonn meas acu orthu agus glacann siad leo, bíodh siad reiligiúnach nó neamhreiligiúnach; agus ceiliúrann siad stíleanna éagsúla maireachtála a bhíonn ag páistí, tuismitheoirí, foireann scoile agus baill an phobail i gcoitinne. I gcomhthéacs na hÉireann, áirítear dhá chineál bunscoile a bheith ilchreidmheach:

- I dtús báire, na scoileanna sin nach gcuireann foirmiú Oideachas Reiligiúnach ar fáil, ar scoil i rith an lae, ach a thugann oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh. Más mian le tuismitheoirí é, is féidir leo Oideachas Reiligiúnach sainchreidmheach a eagrú lasmuigh d'uaireanta scoile sna scoileanna áirithe sin. Is sampla den chineál sin oideachas ilchreidmheach é Oideachas le Chéile.
- Lena chois sin, na scoileanna sin a chuireann oideachas ar fáil faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus san am céanna a bhíonn ag cothú creidimh ó shainchreidimh éagsúla, i rith an lae scoile, ag brath ar éilimh ó thuismitheoirí. Is sampla den chineál sin oideachas ilchreidmheach iad na Scoileanna Náisiúnta Pobail.

**An Fóram ar Phátrúnacht agus ar Iolrachas in Earnáil na Bunscoile**: Sheol an rialtas an fóram seo in Aibreán 2011 chun aitheantas a thabhairt don ghá le cineálacha cuí pátrúnachta do bhunscoileanna i sochaí shíoréagsúil na hÉireann agus chun tosú ag freastal ar an ngá sin. Ceapadh an tOllamh John Coolahan (Cathaoirleach), an Dr. Caroline Hussey agus In. Fionnuala Kilfeather mar bhaill ar an nGrúpa Comhairleach neamhspleách. Glacann agus éisteann an Grúpa Comhairleach le haighneachtaí ó

thuismitheoirí, patrúin, múinteoirí agus ón bpobal i gcoitinne. Foilsíodh Tuarascáil an Fhóraim, gona chuid aighneachtaí, bliain i ndiaidh a sheolta in Aibreán 2012.

**An Pátrún:** Tá an sainmhíniú ar phatrún scoile in Éirinn, agus an bunús dlí atá lena ról agus a chuid dualgas, leagtha amach i ndoiciméid agus in achtanna dlíthiúla éagsúla lena n-áirítear: Bunreacht na hÉireann (1937), an tAcht Oideachais (1998), an tAcht Oideachais (Leas), 2000, Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (1965) agus Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Imeachta (2007). I measc phríomhdhualgais an phatrúin áirítear cur chun cinn éiteas na scoile, ceapachán agus tacaíocht an bhoird bhainistíochta, gnóthaí airgeadais agus dlíthiúla, cothabháil sócmhainní agus maoirseacht ar cheapacháin foirne de réir rialúcháin na Roinne.

**Clár an Phátrúin:** Tagraíonn sé sin do chlár nó do churaclam a d'fhorbair pátrún chun taca a chur faoi éiteas a gcuid scoileanna agus é a chur chun cinn. Aithníonn an tAcht Oideachais (1998) ceart dlíthiúil na bpátrún chun a gcuid clár a chruthú, a stiúradh, a chur i bhfeidhm agus a theagasc. I gcás fhormhór na bpatrún, tugann a gclár aghaidh ar réimse an oideachais reiligiúnaigh.

**Iolrachas:** Úsáidtear an téarma 'iolrachas' ar dhá dhóigh sa doiciméid:

- Mar chineál de shochaí ina gcaomhnaíonn baill de ghrúpaí mionlaigh a gcuid traidisiúin neamhspleácha chultúrtha féin.[5]
- Mar phrionsabal eipistéimeolaíochta, ina n-aithnítear an ceart gur ann d'éilimh fhrithráiteacha maidir leis an bhfírinne nó le cruinneshamhlacha. Baineann an cur chuige seo go mór le dialóg agus idirphlé idir grúpaí éagsúla daoine ó chúlraí difriúla creidimh agus tuigtear gur cuid lárnach de chur chun cinn scoilphobail chuimsitheacha é.

**Oideachas Reiligiúnach (OR)**: I dtaca leis an bpáipéar seo, tuigtear as gur ceann amháin é as measc seacht réimse churaclaim agus 12 ábhar i gCuraclam na Bunscoile (ROS, 1999, Intreoir, l 40). Sa pháipéar seo, baineann OR le spás sa churaclam lena n-áirítear teagasc sainchreidmheach agus ilchreidmheach reiligiúin. Aithnítear an t-ábhar, OR, faoi chlónna difriúla agus teidil éagsúla ar fud an domhain. Úsáidtear na téarmaí seo a leanas go léir: Staidéir Reiligiúin (Tuaisceart Éireann, an Fhionlainn agus an Ísiltír), Reiligiún (an tSualainn), Staidéar Críostaíochta (an Danmhairg), Oideachas Reiligiúnach agus Moráltacht, (an Ghearmáin agus Albain) Reiligiún, Eitic agus Fealsúnachtaí an tSaoil (An Iorua) agus Eitic, Cultúr agus Reiligiún, (Québéc, Ceanada) chun cur síos ar Oideachas Reiligiúnach.

[5] Tógtha ó Oxford English Dictionary, http://www.oxforddictionaries.com/definition/english/pluralism, 24/3/15

**Feasacht spioradálta:** D'fhonn cuspóirí an pháipéir seo, baineann feasacht spioradálta le tuiscint inmheánach agus le tuiscint choibhneasta ar an domhan thart orainn. Éilíonn feasacht spioradálta tuiscint dhomhain ar an bhféin inmheánach agus freisin tuiscint ar an duine mar chuid de rud éigin atá níos mó ná iad féin.

# Aguisín 2:Príomhtheachtaireachtaí ón Taighde

Is foras nua i gcomhthéacs na hÉireann é curaclam in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitic. Cé gur scríobhadh mórán i dtaca le ról an oideachais reiligiúnaigh agus clár na bpátrún, tá sé le tuiscint gur beag an taighde a rinneadh ar fhorbairt churaclaim in ORC agus in Eitic. Mar chéim thosaigh, tugadh faoi thrí phíosa taighde deisce chun bonn eolais agus bonn taca a chur faoi na pleananna agus na moltaí curaclaim.

Bhreathnaigh an taighde ar sholáthar náisiúnta agus idirnáisiúnta d'ORC agus d'Eitic chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar ról agus ar ionchur an pháiste i leith an churaclaim. Is iad na tuairiscí sin an tsraith d'ábhair chúlra a dhéanann eolas d'fhorbairt an churaclam. Faightear achoimre ar gach tuairisc thíos agus ina theannta sin roinnt torthaí suntasacha.

### Bualadh le Páistí i gCuraclam Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus i gCuraclam Eitice-dearcadh ó thaobh oideachas agus chearta an pháiste

Cabhraíonn an páipéar seo leis an léitheoir an cion a thuiscint is féidir le páistí a dhéanamh do churaclam in ORC agus in Eitic. Déantar é sin trí iniúchadh a dhéanamh ar ár nóisin athraitheacha de pháistí agus den óige. Leagtar amach forbairt na reachtaíochta ar Chearta na Leanaí agus déantar trácht ar ionadaíocht phaistí sa reachtaíocht sin. Tógann an páipéar ar na smaointe agus síneann sé iad ó pheirspictíocht chearta an pháiste, go fócasú ar ár dtuiscint den phaiste ó pheirspictíocht oideachasúil.

Áirítear ar phríomhtheachtaireachtaí an pháipéir seo:

- Gur chóir go gcuimseodh curaclam d'ORC agus d'Eitic na cúig aidhm den oideachas faoi mar a leagtar amach iad in Alt 29 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Pháiste[6].

[6] Luaitear sna cúig aidhm den oideachas mar a leagtar iad amach in Alt 29:
- *Forbairt ar phearsantacht, buanna agus inniúlachtaí inchinne agus fisiceacha an pháiste de réir na hacmhainneachta is iomláine*
- *Forbairt an mheasa do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha, agus do na prionsabail atá cumhdaithe i gCairt na Náisiún Aontaithe*
- *Forbairt an mheasa do thuismitheoirí an pháiste, a f(h)éiniúlacht chultúrtha, a t(h)eanga agus luachanna féin, do luachanna náisiúnta na tíre ina bhfuil an páiste ina chónaí, an tír arb as é nó í, agus do shibhialtachtaí atá éagsúil lena c(h)eann féin*
- *An páiste a ullmhú don saol freagrach i sochaí atá saor, i spiorad na tuisceana, na síochána, na caoinfhulaingthe, ionannas idir inscní, agus cairdeas i measc gach cine, gach grúpa eitneach, náisiúnta agus reiligiúnach agus daoine ó gach bunús dúchasach*
- *Forbairt an mheasa don timpeallacht nádúrtha*

- Breathnaítear ar an bpáiste mar dhuine *fiosrach*, *cumasach*, *muiníneach* agus *tuisceanach* a ghlacann páirt ghníomhach ina gcultúr agus ina gcuid oideachais agus a chuireann leo.
- Is gné é a roinneann le teagasc éifeachtach ORC agus Eitice an cur chuige soch-chultúrtha, a chuireann san aireamh an ról lárnach a bhíonn ag idirghníomhaíochtaí agus ag caidrimh.
- Spreagann cumas an pháiste chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas oideachasúil agus é a mhúnlú, i gcomhpháirt leis an duine fásta, spreagann sé sin braistint féiniúlachta agus chomhuintearais lena dteaghlach, lena scoil agus lena bpobal; mar rannpháirtithe gníomhacha sna spásanna sin.
- Tá an cumas ag páistí chun foghlaim ó reiligiúin agus ó chreidimh trí *'rannpháirtíocht i gcultúr'*, comhrá comhroinnte agus gníomhaíochtaí i bpáirt. Trí na próisis sin bíonn tuiscint níos doimhne ag an bpáiste orthu féin, a ndomhan agus a n-ionad agus a ról ann.

Aibhsítear i rannán deiridh an pháipéir seo roinnt ceisteanna do scoileanna le linn dúinn curaclam d'ORC agus d'Eitic a thabhairt isteach. Cumhdaíonn na réimsí a scrúdaítear *suíomh agus éiteas scoile, forbairt múinteoirí, clár an phátrúin, páistí a roghnaíonn tarraingt amach as clár an phátrúin* agus *oideachas idirchultúrtha.*

Na ceisteanna seo do scoileanna, baineann siad cuid mhaith le forbairt scoilphobail chuimsitheacha. Ceann de chomharthaí sóirt scoileanna cuimsitheacha is ea timpeallachtaí foghlama a léiríonn agus a thaispeánann gur ábhar bróid é an éagsúlacht theangeolaíoch, eitneach, chultúrtha agus reiligiúnach atá le fail i bpobal na scoile. Dá réir sin, tacaíonn siad le féiníomhá dhearfach gach páiste beag beann ar a n-eitneacht  a gcultúr ná a gcreideamh; chomh maith le treisiú a dhéanamh ar normáltacht na héagsúlachta do gach páiste.

Chun tuilleadh a léamh breathnaigh ar: [www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce](www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce)

### Fondúireacht Náisiúnta um Thaighde Oideachais-Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus Eitic i mBunscoileanna

Tugann iniúchadh na Fondúireachta Náisiúnta um Thaighde Oideachais (FNTO) breac-chuntas ar sholáthar Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh (ORC) agus Eitice thar dhlínsí difriúla[7] chun eolas a dhéanamh d'fhorbairt an churaclaim in Éirinn.

---

[7] Dlínsí a bhí san áireamh sa staidéar: Queensland, an Astráil, an Nua-Shéalainn, Québec, Ceanada, Tuaisceart Éireann, Sasana, Albain, an Fhionlainn, Singeapór, an Fhrainc, an tSualainn, Éire, Massachusetts–SAM, an Ísiltír agus an Bhreatain Bheag.

Is iad seo a leanas na príomhtheachtaireachtaí le haghaidh soláthar Oideachais faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh:

- De ghnáth bíonn curaclam náisiúnta ann a bhainistítear go háitiúil ag múinteoirí agus ag scoileanna. Ciallaíonn sé sin creat éascaíochta a fhorbairt ina mbíonn an neamhspleáchas ag scoileanna chun an curaclam a stiúradh agus a shocrú trí idirbheartaíocht ag an leibhéal áitiúil, de réir riachtanais a bpobail scoile.

- Áirítear i measc prionsabail chomónta do churaclaim ORC: saoirse reiligiúin; feasacht agus meas daltaí ar an éagsúlacht a chothú; comhthuiscint a spreagadh idir daoine; oidhreacht Chríostaí; maireachtáil i sochaí iolrach.

- De ghnáth tosaítear ar Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh leis an reiligiún is príomha sa tsochaí ina mbítear á theagasc agus ansin leathnaítear amach é chun réimse cruinneshamhlacha a chlúdach.

- Is gné chomónta trasna na ndlínsí é an cur chuige bíseach i leith an churaclaim. B'fhéidir gurb é a bheadh i gceist leis sin - snáitheanna nó aonaid nó gnéithe snáithe a chruthú a shíneann ar feadh céimeanna forbartha an oideachais, a chur ar chumas an pháiste teagmháil a dhéanamh ag leibhéal níos doimhne de réir mar a théann siad i ngleic le coincheapa an churaclaim.

- Is samplaí iad Quebéc[8], Queensland agus an Nua-Shéalaionn[9] de dhlínsí a ghlac céimeanna suntasacha i bhforbairt churaclaim ORC agus a bhféadfadh an CNCM go leor ábhar úsáideach a fhoghlaim uathu.

Ar na príomhtheachtaireachtaí le haghaidh Oideachas Eitice áirítear:

- De ghnáth bíonn Eitic ina prionsabal uileghabhálach den churaclam é sin nó comhtháthaítear í trasna réimsí den churaclam agus is annamh a chaitear léi mar ábhar inti féin. In dhá dhlínse, cónasctar le ORB í chun ábhar ar leith a chruthú.

[8] Chríochnaigh Québec ar na mallaibh an próiseas inar aistrigh siad ó struchtúr den oideachas reiligiúnach a bhí bunaithe go príomha ar shainchreidimh Chaitliceacha agus Phrotastúnacha go struchtúr 'tuata', trína gclár 'Eitic agus Cultúr Reiligiúnach' a thabhairt isteach.

[9] Chruthaigh idir Queensland agus an Nua-Shéalainn an spás le haghaidh ORC agus Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach araon ina gcreata náisiúnta curaclaim. Tugann Queensland suas le 40 uair sa bhliain le haghaidh Oideachas Reiligiúnach Sainchreidmheach, agus tugann an Nua-Shéalainn suas le 20 uair sa bhliain. Leithdháileann Éire 92.5 uair sa bhliain do theagasc chlár an phátrúin.

- I measc prionsabail chomónta de churaclaim Eitice áirítear: cabhróidh an eitic le daoine óga tiomantas pearsanta a thuiscint agus a fhorbairt i leith dhínit agus shaoirse gach duine daonna, tábhacht chearta an duine, áit na córa sa tsochaí agus freastal ar an leas coiteann.
- Sna cásanna ina dteagasctar eitic mar ábhar aisti féin is gnách go dtagraítear di mar oideachas saoránachta.

I gcuideachta pháipéar na hEochairchoimre agus na bPríomhthorthaí, thiomsaigh FNTO freisin aguisín leathan teicniúil. Tugann an t-aguisín sin mionsonraí ar sholáthar ORC agus Eitice i ngach dlínse chomh maith le heolas breise a thabhairt i dtaca le comhthéacs fheidhmiú an churaclaim.

Chun tuilleadh a léamh breathnaigh ar: www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce

**Forbhreathnú ar Ábhar in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus in Eitic i gCláir Pátrún**

Déanann an staidéar deisce seo iniúchadh ar an soláthar reatha in Oideachas faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh agus in Eitic ar chláir éagsúla na bpátrún i mbunscoileanna na hÉireann. Rinneadh staidéar sa taighde ar sé cinn de chláir pátrún, eadhon 1) an *Curaclam Oideachas Reiligiúnach Caitliceach* nua, 2) an clár *Lean Mise,* 3) *Clár Bunscoile Fhondúireacht Ioslamach na hÉireann,* 4) *De gheall ar Dhia liom! De gheall ar an saol leat! 5) Foghlaim le chéile* agus 4) *Clár Fealsúnachta Fhondúireacht John Scottus*.

Seo a leanas roinnt de na teachtaireachtaí ginearálta a tháinig ón staidéar:

- Tá éagsúlacht le brath i dtaca leis an neamhspleáchas a thugtar do scoileanna agus iad ag bainistiú cláir pátrún. Leagann cuid de na patrúin dualgas ar scoileanna na cláir a fhorbairt go háitiúil ag teacht le riachtanais an scoilphobail agus laistigh de chreat na gcuraclam a leagann an patrún síos; cuireann dreamanna eile cláir chuimsitheacha ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí le leanúint.
- Tá difear nach beag idir na tacaí a thugtar do scoileanna agus do mhúinteoirí agus cláir na bpátrún á mbainistiú acu. Soláthraíonn roinnt de na patrúin áiseanna ar líne, cuairteanna/cigireachtaí scoile, treoirlínte do mhúinteoirí agus leabhráin daltaí, agus tá cuid eile díobh teoranta ag easpa acmhainní sa mhéid tacaíochta is féidir leo a chur ar fáil.
- Feictear difear sna cuir chuige eipistéimeolaíochta a mholtar i dteagasc faoi reiligiúin agus chreidimh agus eitic ar fud chláir na bpátrún. Tá fianaise ann ar chuir chuige shoch-chultúrtha, Shocratacha, iolracha, agus ar chuir chuige ó thaobh chearta an duine agus chreideamh-bhunaithe.

Príomhtheachtaireachtaí d’ORC

- Tá éagsúlacht le brath trasna na gclár san fhoráil d'Oideachas faoi Reiligiúin agus Creidimh, go háirithe idir patrúin shainchreidmheacha agus ilchreidmheacha. I gcláir shainchreidmheacha, tarlaíonn ORC níos moille sa bhunscoil (má tharlaíonn féin), agus is ó pheirspictíocht chreidimh a bhíonn sé de ghnáth agus den chuid is mó bíonn sé taobh leis na trí chreideamh aondiacha, Críostaíocht, Giúdachas agus Ioslám. De ghnáth, tarlaíonn ORC i gcláir ilchreidmheacha ar fud na bunscoile agus baineann sé le bheith ag foghlaim faoi chuid mhór reiligiún agus creideamh.
- San earnáil ilchreidmheach, is iomaí cur chuige atá ann i dtaca le teagasc faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh. Ina measc sin, áirítear cur chuige fíricbhunaithe a bhfuil réimsí scoite foghlama i gceist ann agus cur chuige ilchreidmheach ina mbíonn modh níos comhtháite i dtaca le teagasc faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh.
- Ní cur chuige inmholta i gcuraclam náisiúnta ORC é a bheith ag teagasc faoi Reiligiúin agus faoi Chreidimh ó pheirspictíocht chreidimh ná níl sé oiriúnach d'eagraíocht náisiúnta churaclaim tabhairt faoi churaclam ORC a fhorbairt laistigh den bpeirspictíocht sin ach an oiread.
- Is féidir go mbeadh ionchur ag cuir chuige ilchreidmheacha i leith ORC ar fhorbairt churaclaim náisiúnta in ORC.

Príomhtheachtaireachtaí d'Eitic

- Tacaíonn cláir shainchreidmheacha le teagasc eitice ó pheirspictíocht an chreidimh.
- Tá a lán éagsúlachta le feiceáil sa chur chuige ilchreidmheach i dtaca le hoideachas eitice. Tá fianaise ann ar chur chuige bunaithe ar chearta, cur chuige Socratach agus cur chuige iolrach chun eitic a theagasc sna cláir sin.
- Ní cur chuige inmholta é do churaclam náisiúnta in Eitic, í a theagasc trí lionsa an chreidimh.
- Is féidir go mbeadh ionchur ag cuir chuige ilchreidmheacha ar fhorbairt churaclaim náisiúnta d'Eitic.

Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar: [www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce](www.ncca.ie/ga/comhairliúchán/orce)

Chabhraigh na trí phíosa taighde thuasluaite le réasúnaíocht, aidhmeanna agus fís a fhorbairt sa rannán seo a leanas, chomh maith le cabhrú le tuiscint ar na gnéithe féidearthachta curaclaim i rannán 3.